

AN ROINN OIDEACHAIS

AN ARDTEISTIMÉIREACHT

IODÁILIS

DRÉACHT

TREOIRLÍNTE DO MHÚINTEOIRÍ

AN ARDTEISTIMÉIREACHT

Aidhmeanna

1. Is é aidhm ghinearálta an oideachais oibriú ar mhaithe le gach gné den duine aonair a shaothrú. Ar na gnéithe sin áirítear an ghné aeistéitiúil, chruthaitheach, léirmheastach, chultúrtha, mhothálach, eispriseach, intleachtúil, mhorálta, fhisiceach, pholaitiúil, mar aon le forás spioradálta agus sóisialta le haghaidh a s(h)aoil phearsanta, sa bhaile agus ar láthair na hoibre, agus le haghaidh maireachtála i measc an phobail agus le haghaidh caitheamh aimsire.
2. Cuirtear cláir na hArdteistiméireachta i láthair laistigh den aidhm ghinearálta seo agus leagtar béim faoi leith iontu ar dhaltaí a ullmhú do riachtanais an bhreisoideachais agus na breisoiliúna, don fhostaíocht, agus dá ról mar shaoránaigh rannpháirteacha thionscantacha.
3. Tá sé d’aidhm ag gach clár Ardteistiméireachta leanúnachas agus dul chun cinn a chur ar fáil ó chlár an Teastais Shóisearaigh, le cothromaíocht idir forbairt phearsanta agus shóisialta (forbairt mhorálta agus spioradálta san áireamh), staidéir ghairme agus réiteach i gcomhair breisoideachais agus an saol mar dhuine fásta agus an saol oibre. D’fhéadfadh an t-ualú coibhneasta ar na gnéithe seo athrú de réir an chláir ar leith atá i gceist.
4. Tá trí chineál cláir a mbronntar an Ardteistiméireacht ag a ndeireadh:
 - (i) Clár na hArdteistiméireachta
 - (ii) Clár na hArdteistiméireachta Feidhmí
 - (iii) Gairmchlár na hArdteistiméireachta.
5. Cuireann gach clár Ardteistiméireachta béim ar an tábhacht a bhaineann leo seo a leanas:
 - foghlaim féintreoraithe agus smaoineamh neamhspleách.
 - leagtar béim ar intinn cheisteach, ar mhachnamh criticiúil, ar réiteach fadhbanna, ar fhéintuilleamaí, ar thionscnaíocht agus ar fhiontraíocht.
 - réiteach i gcomhair breisoideachais agus don saol oibre agus don saol mar dhuine fásta.
6. Tá sé d’aidhm ag **Clár na hArdteistiméireachta**:
 - cur ar chumas daltaí a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach ó thaobh fás pearsanta, sóisialta, intleachtach agus gairme de
 - daltaí a réiteach dá ról mar shaoránaigh ghníomhacha agus rannpháirteacha
 - daltaí a réiteach chun leanúint ar aghaidh go dtí an breisoideachas, oiliúint nó fostaíocht.

Iodáilis na hArdteistiméireachta – Treoirínite do Mhúinteoirí

Cuireann sé oideachas leathan agus cothrom ar fáil do dhaltáí, ach is féidir roinnt áirithe speisialtóireachta a dhéanamh ann freisin. Cuirtear siollabais ar fáil i réimse leathan ábhar. Tá gach ábhar Ardteistiméireachta ar fáil ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal. Ina theannta sin, tá an Mhatamaitic agus an Ghaeilge ar fáil ag an mBonnleibhéal freisin.

Is féidir feidhmíocht na ndaltáí i gelár na hArdteistiméireachta a úsáid chun cuspóirí roghnaithe i gcomhair an bhreisoideachais, na fostaíochta, na hoiliúna agus an ardoideachais.

7. Is clár scoite dhá bhliain atá i **gClár na hArdteistiméireachta Feidhmí**, atá ceaptha do na daltaí siúd nach mian leo leanúint ar aghaidh go díreach go hoideachas tríú leibhéal nó dóibh siúd nach bhfreastalaíonn na cláir Ardteistiméireachta eile mar is cóir ar a riachtanais, a mianaidhmeanna agus a mbuanna.

Tá Clár na hArdteistiméireachta Feidhmí bunaithe ar thrí phríomhghné atá idirghaolmhar agus ag brath ar a chéile:-

- Gairmullmhúchán
- Gairmoideachas
- Oideachas Ginearálta

Tá eispéireas oideachasúil atá gníomhach, praiticiúil agus bunaithe ar na daltaí le fáil sa chlár seo.

8. Tá sé d'aidhm ag **Gairmchlár na hArdteistiméireachta**, go háirithe:
 - spiorad fiontraíochta agus tionscnaíochta a spreagadh i ndaltáí
 - scileanna idirphearsanta, gairme agus teicneolaíochta na ndaltáí a fhorbairt.

Déanann daltaí Ghairmchlár na hArdteistiméireachta staidéar ar chúig ábhar Ardteistiméireachta ar a laghad (ag Ardleibhéal, Gnáthleibhéal nó Bonnleibhéal) lena n-áirítear Gaeilge agus dhá ábhar ó ghrúpaí ábhair gairme sainithe. Ní mór dóibh cúrsa aitheanta a dhéanamh freisin i dteanga Eorpach nua-aimseartha eile, seachas Gaeilge nó Béarla.

Ina theannta sin, déanann daltaí trí Nascmhodúl a chuireann comhtháiteacht curaclaim ar fáil do Ghairmchlár na hArdteistiméireachta.

Clár Ábhar

	Leathanach
Brollach	5
Réamhrá	6
1. An Siollabas	7
Inniúlacht Chumarsáide Bhunúsach	8
Feasacht Teanga	10
Feasacht Chultúrtha	14
2. Foráil a dhéanamh do Ghnéithe Éagsúla Foghlama	17
3. Ról na Gramadaí	23
4. Múinteoireacht Cumais Mheasctha	27
5. Cur chuige comhtháite	29
6. Samplaí de Ghníomhaíochtaí ag Céimeanna Éagsúla.....	37
7. Téacsanna Liteartha	43
8. Measúnú	45

Iodáilis na hArdteistiméireachta – Treoirínite do Mhúinteoirí

BROLLACH

D'iarr an tAire Oideachais ar an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta athbhreithniú a dhéanamh ar shiollabais ábhair don chlár Ardteistiméireachta i gcomhthéacs an chláir náisiúnta athbhreithnithe ar an gcuraclam atá ar siúl faoi láthair. Tá an próiseas athbhreithnithe seo á chur i bhfeidhm ar bhonn céimithe. Baineann an chéad chéim athbhreithnithe den siollabas le sé ábhar arna gcur i bhfeidhm i scoileanna i Meán Fómhair 1995, agus i gcomhair scrúdaithe in 1997 agus i mblianta dar gcionn.

Tá an t-athbhreithniú ar an Ardteistiméireacht á dhéanamh ag féachaint go háirithe don ghá

- leanúnachas agus dul chun cinn ó chlár an Teastais Shóisearaigh a chur ar fáil;
- freastal ar an éagsúlacht cumais agus gnóthachtála i measc dhaltai na hArdteistiméireachta trí bhíthin cúrsaí oiriúnacha ag Ardleibhéal agus ag Gnáthleibhéal, agus ag Bonnleibhéal freisin i gcás na Gaeilge agus na Matamaitice;
- tabhairt faoin ngné gairmoideachais atá mar chuid bhunúsach sna hábhair éagsúla de chuid na hArdteistiméireachta;

Tá **Treoirínite do Mhúinteoirí** forbartha i gcomhar leis na siollabais, trí choistí cúrsaí na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta chun cabhrú le múinteoirí na cúrsaí nua a chur i bhfeidhm. Tá sé i gceist go mbeadh na treoirínite seo ina n-acmhainn bhuan do mhúinteoirí agus ina n-acmhainn le húsáid sa chlár forbartha gairme do mhúinteoirí, ar a bhfuil urraíocht á dhéanamh ag an Roinn Oideachais.

Níl na Treoirínite seo saintreorach. Cuireann siad moltaí ar fáil do mhúinteoirí maidir le cleachtas na múinteoireachta. Tugtar aird ar leith ar ghnéithe den siollabas nua nach mbeadh ar eolas ag múinteoirí, b'fhéidir, ó thaobh ábhair nó modheolaíochta de.

Is iad an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) agus an Roinn Oideachais a fhoilsíonn na Treoirínite i gcomhar le chéile.

Bhí ról suntasach ag JOHN MCCARTHY (Oifigeach Oideachais Nuatheangacha an CNCM) go háirithe maidir le struchtúr foriomlán na dTreoirínite do Nuatheangacha a dhréachtú agus a chur in eagar agus bhí ról suntasach chomh maith ag na baill de Choiste Cúrsa na Sraithe Sinsearaí don Iodáilis maidir le cnuasach eiseamláirí san Iodáilis a tharraingt suas lena n-úsáid i gcomhar leis na treoirínite seo .

RÉAMHRÁ

Cuireann na treoirlínte seo maidir le múineadh na hIodáilise i gclár na hArdteistiméireachta an méid seo a leanas ar fáil:

- réasúnaíocht maidir le hinneachar agus struchtúr an tsiollabais (Caibidil 1)
- forbheathnú ar phrionsabail reatha agus ar an dea-chleachtas i múineadh nuatheangacha (Caibidil 2 agus 3)
- moltaí maidir le múineadh inneachar an tsiollabais le daltaí ar chumais mheasctha (Caibidil 4)
- réimse samplaí de ghníomhaíochtaí seomra ranga laistigh de chomhthéacs cur chuige comhtháite (Caibidil 5 agus 6)
- moltaí maidir le húsáid téacsanna liteartha (Caibidil 7)
- critéir measúnaithe agus cur síos ar fheidhmíocht ionchais ag gráid éagsúla. (Caibidil 8)

Ba chóir féachaint ar na samplaí a thugtar mar acmhainn de bhreis agus ní mar cheangal .i. tá sé de shaoirse ag na múinteoirí na samplaí a bheidh úsáideach dóibh féin a roghnú. Ní mholtar na trí ghné den siollabas a mhúineadh go leithleach, ach ba chóir go mbeadh pleananna oibre bunaithe ar nasc a dhéanamh idir na trí réimse inneachair. Cuirtear Caibidil 5 agus 6 ar fáil mar mholadh maidir le conas clár oibre a fhorbairt ina bhfuil cur chuige comhtháite i gceist maidir le (a) inneachar an tsiollabais agus (b) dul chun cinn i bhforbairt scileanna na bhfoghlaimoirí. I gcás nach bhfuil scéim mhionsonraithe dá leithéid indéanta nó go meastar gur fearr gan é a dhéanamh, beidh gá fós le clár oibre atá córasach, seicheamhach, agus comhtháite a phleanáil, agus tá sé mar aidhm ag na moltaí a thugtar sna treoirlínte seo an próiseas sin a éascú.

Tá na baill de Choiste Cúrsa na Sraithe Sinsearaí don Iodáilis tar éis doiciméad a tharraingt suas ina bhfuil eiseamláirí san Iodáilis de na gníomhaíochtaí éagsúla a bhfuil cur síos orthu sna treoirlínte seo.

Iodáilis na hArdteistiméireachta – Treoirínite do Mhúinteoirí

1. An Siollabas

- Achoimre:**
- 1.1 Struchtúr
 - 1.2 Inniúlacht Chumarsáide Bhunúsach
 - 1.3 Feasacht Teanga
 - 1.4 Feasacht Chultúrtha

1.1 Struchtúr

Tá na trí phríomhghné seo a leanas i siollabas na hArdteistiméireachta don Iodáilis:

Inniúlacht Chumarsáide Bhunúsach

Feasacht Teanga

Feasacht Chultúrtha

Tá sé d'aidhm ag an struchtúr siollabais seo gach dalta a thabhairt i dtreo ceithre thoradh bhunúsacha mar gheall ar an eispéireas foghlama nuatheanga sa seomra ranga:

- (a) cumas cumarsáide san Iodáilis
- (b) feasacht maidir le teanga agus cumarsáid
- (c) feasacht maidir leis an gcultúr a bhaineann leis an Iodáilis
- (d) tuairim maidir le conas teanga iasachta a fhoghlaim

Eascaíonn struchtúr an tsiollabais óna aidhmeanna mar seo a leanas:

Aidhmeanna:

1. SCILEANNA CUMARSÁIDE



2. CONAS A OIBRÍONN TEANGA
3. FOGHLAIM TEANGA



4. ÉAGSÚLACHT CHULTÚRTHA,
SHÓISIALTA, PHOLAITIÚIL



Struchtúr:

INNIÚLACHT CHUMARSÁIDE
BHUNÚSACH



FEASACHT TEANGA



FEASACHT CHULTÚRTHA



Ábhar:

- SEOMRA RANGA
- GNÁTHÚSÁID
LAETHÚIL
- NA MEÁIN
- FÓILLÍOCHT
- STAIDÉAR
- GAIRM

- SAINCHEISTEANNA
TEANGA
- FOGHLAIM TEANGA
- GRAMADACH

- ÉAGSÚLACHT
CHULTÚRTHA
- SAINCHEISTEANNA A
SHÁRAÍONN DEIGHILTÍ
CULTÚRTHA

Moltar cur chuige comhtháite maidir leis na trí ghné leathana den siollabas .i. ba chóir do ghníomhaíochtaí sa seomra ranga níos mó ná ceann amháin de na trí ghné sin a chuimsiú dá bhféadfaí a leithéid a dhéanamh. Mar shampla, d'fhéadfaí díriú ar ghnéithe áirithe de phéire de na comhchodanna seo nó de na comhchodanna go léir ag brath ar na hábhair dhílse a roghnófaí. Cabhróidh go leor de na gníomhaíochtaí atá liostaithe sa chuid **Feasacht Teanga** le foghlaimeoirí chun forbairt a dhéanamh ar na scileanna níos iomlánaíocha a theastaíonn chun tabhairt faoi na gníomhaíochtaí a leagtar síos faoi **Inniúlacht Chumarsáide Bhunúsach**. Cuirfidh na gníomhaíochtaí ar a ndéantar cur síos faoi **Feasacht Chultúrtha** ar chumas na bhfoghlaimeoirí go leor de na topaicí atá liostaithe faoi Inniúlacht Chumarsáide Bhunúsach a leathnú amach, trí chomparáidí a dhéanamh, samplaí a thabhairt, cur síos a dhéanamh ar shlí bheatha chomhphobail éagsúla srl. Tá moltaí mionsonraithe maidir le cur chuige comhtháite a chur i bhfeidhm leagtha amach i gCaibidil 6.

Tá inneachar an tsiollabais leagtha amach in aonaid **Téamaí/Gníomhaíochtaí Ginearálta** le **Spríocanna Feidhmíochta** atá deartha chun cabhrú le múinteoirí agus le foghlaimeoirí scéimeanna oibre a chur le chéile, agus a chinntiú go dtuigeann foghlaimeoirí céard atá ag teastáil i leith gach Téama/Gníomhaíochta Ginearálta. Mínítear cuid de na scileanna cumarsáide agus teanga, lena n-áirítear na scileanna gramadaí a theastóidh ó na daltaí chun na Spríocanna Feidhmíochta a bhaint amach i dtéarmaí **Scileanna Teanga – Struchtúir agus Gramadach**. Is moltaí iad na samplaí sa siollabas maidir le réimsí le díriú orthu sa chéim ullmhúcháin ina bhféadfadh foghlaimeoirí oibriú ar an stór focal agus ar na struchtúir ghramadaí a theastóidh chun na Spríocanna Feidhmíochta a bhaint amach chun cuspóirí cumarsáide.

Déantar cur síos níos mionsonraithe thíos ar na trí ghné den siollabas.

1.2 Inniúlacht Chumarsáide Bhunúsach

(a) Úsáid a bhaint as an sprioctheanga sa seomra ranga

Is é an chéad aidhm atá leis an siollabas ná na scileanna cumarsáide a theastaíonn chun cur ar chumas daltaí cumarsáid éifeachtach a dhéanamh sa sprioctheanga a chothú. Aontaítear go forleathan go

Iodáilis na hArdteistiméireachta – Treoirlínte do Mhúinteoirí

dteastaíonn deiseanna ó fhoghlaimoírí chun dul i ngleic le cumarsáid atá bunaithe ar mhalartú faisnéise. Meastar go bhfuil sé riachtanach go nglacann foghlaimoírí páirt i dtascanna éagsúla a spreagann iad chun míniú a aimsiú i gcásanna ina bhfuil fadhbanna cumarsáide i gceist. Cuirtear béim ar a mhéad is cóir don fhoghlaimoír a bheith ábalta a dhéanamh sa sprioctheanga. Tugann an chuid seo faoi riachtanais láithreacha an fhoghlaimoír m.sh. sa seomra ranga:

- **cead a lorg chun rud éigin a dhéanamh**
- **soiléiriú a lorg**
- **leithscéalta a dhéanamh, srl.**

chomh maith leis na riachtanais a d'fhéadfadh a bheith aige/aici taobh amuigh den seomra ranga m.sh.

- **earraí agus seirbhísí a cheannach**
- **dul i ngleic le héigeandáil**
- **dul i ngleic le cúrsaí taistil agus iompair**

Tá siollabas na hArdteistiméireachta le feiceáil mar shiollabas a chuimsíonn na scileanna trasghníomhaíochta (m.sh. **teachtaireachtaí a thabhairt**) agus idirghníomhaíochta (m.sh. **casadh le daoine agus aithne a chur orthu agus caidrimh shóisialta a chothú**) atá sainithe ar leibhéal an Teastais Shóisearaigh. Cuirtear béim freisin i siollabas na hArdteistiméireachta ar fheidhmeanna eile amhail caibidliú agus cuimsítear gníomhaíochtaí atá dírithe ar inniúlacht dioscúrsa foghlaimoírí a fhorbairt m.sh.

- **tús a chur le comhrá**
- **deireadh a chur le comhrá**
- **comhrá a láimhseáil**

(b) **Modheolaíocht Chumarsáideach**

Ós rud é go bhfuil tosaíocht ag baint le cumarsáid sa chuid seo den siollabas – tuiscint, idirghabháil, brí a chur in iúl – ba chóir go mbeadh cur chuige cumarsáideach ann ó thaobh na modheolaíochta de. Ba chóir foghlaimoírí a spreagadh leis an teanga a úsáid chun cuspóirí cumarsáide. Is féidir le fíordheiseanna cumarsáide teacht chun cinn sa seomra ranga, i gcás bearna eolais nó tuairimí. Ba chóir an Iodáilis a úsáid mar theanga an tseomra ranga, m.sh. ag cur ceisteanna ar na daltaí cén fáth an bhfuil siad déanach, nó nach bhfuil an obair bhaile déanta acu, ag soiléiriú teoracha, ag déanamh meastóireachta ar fheidhmíocht na ndaltaí agus á ceartú agus chun cuspóirí idirghabhálacha smachta.

Iodáilis na hArdteistiméireachta – Treoirlínte do Mhúinteoirí

Nuair is í an Iodáilis an ghnáth-theanga cumarsáide, tuigeann foghlaimeoirí nach ábhar staidéir amháin atá sa teanga, ach modh cumarsáide freisin.

(c) Cineálacha Tascanna

Chun teanga a fhoghlaim uathí féin, bíonn deiseanna rialta de dhíth ar fhoghlaimeoirí chun oibriú le chéile ar thascanna oiriúnacha ina bhfuil malartú faisnéise dáiríre i gceist.

Tá na pointí seo a leanas déanta maidir lena éifeachtúlacht is atá cineálacha éagsúla tascanna.

1. Ós rud é go mbíonn malartú brí éigeantach i dtascanna déthaobhacha bíonn idirbheartaíocht bhrí sa bhreis iontu ná mar a bhíonn i dtascanna aontaobhacha.
2. Spreagann tascanna pleanáilte ina n-éilítear ar fhoghlaimeoirí réiteach roimh ré idirbheartaíocht sa bhreis ná mar a éilítear i dtascanna nach bhfuil pleanáilte.
3. Bíonn idirbheartaíocht sa bhreis i gceist le tascanna dúnta a dteastaíonn críoch/réiteach cinnte ina leith ná mar a bhíonn i gceist le tascanna oscailte.
4. Bíonn idirbheartaíocht sa bhreis i gceist le tascanna cóineasaithe, inar gá do rannpháirtithe comhaontú a dhéanamh maidir le réiteach, ná mar a bhíonn i gcás tascanna iltreócha ina nglactar le tuairimí éagsúla.

1.3 Feasacht Teanga

Tá gníomhaíochtaí agus téamaí sa chuid Feasacht Teanga den siollabas atá deartha chun

- (i) suim na bhfoghlaimeoirí i saincheistanna teanga a mhúscailt;
- (ii) scileanna agus straitéisí foghlama a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí chun cabhrú leo a bheith ina bhfoghlaimeoirí éifeachtacha teanga agus
- (iii) creat a chur ar fáil do mhúineadh agus do shealbhú eolas gramadaí laistigh de chur chuige cumarsáideach leathan.

(i) Suim na bhFoghlaimeoirí i Saincheistanna Teanga a Mhúscailt

Tá an chéad gníomhaíocht/téama ginearálta, **Foghlaim faoi theanga ó ábhar sa sprioctheanga** dírithe ar shuim na bhfoghlaimeoirí a spreagadh i saincheistanna teanga agus díograis a spreagadh iontu chun teangacha a fhoghlaim. I measc na réimsí inar féidir feasacht teanga a chothú i ndaltaí trí fhorbairt léargas, tá:

- teanga mar mhodh cumarsáide

Iodáilis na hArdteistiméireachta – Treoirínite do Mhúinteoirí

- fás agus athrú teanga
- éagsúlacht teanga
- úsáid chruthaitheach teanga (lena n-áirítear roinnt gnéithe de theanga liteartha)
- teanga agus cultúr
- an tionchar atá ag teangacha ar a chéile m.sh. focail iasachta

Is féidir forbairt intleachtach fhoghlaimoirí agus a bhfeasacht maidir le cultúir eile a fheabhsú trí úsáid a bhaint as rogha téacsanna ina bpléitear téamaí a bhaineann le teangacha agus gníomhaíochtaí foghlama bunaithe ar théamaí den chineál sin a bhaineann le teanga. Nuair a bheidh obair déanta ag na foghlaimoirí ar ábhar teangeolaíoch agus faisnéise an téacs, is féidir iad a spreagadh chun an fhaisnéis sin a aistriú go scileanna táirgiúla.

Is féidir forbairt intleachtach foghlaimoirí agus a bhfeasacht maidir le cultúir eile a fheabhsú trí úsáid a bhaint as gníomhaíochtaí foghlama atá bunaithe ar théamaí den chineál sin a bhaineann le teanga.

(ii) Scileanna agus Straitéisí a Thabhairt d’Fhoghlaimoirí

I gcomhthéacs foirmiúil an tseomra ranga is féidir le daltaí a bheith níos éifeachtúla mar fhoghlaimoirí teanga má thuigeann siad rud éigin faoi fhoghlaim teangacha agus má ghlacann siad roinnt freagrachta maidir lena bhfoghlaim féin. Ar an gcaoi seo, is féidir le foghlaimoirí dearcaí dearfacha a fhorbairt maidir le foghlaim teangacha agus éireoidh siad níos neamhspleáiche ina gcuid oibre. Is féidir le Feasacht Teanga cur le neamhspleáchas foghlaimoirí, mar aon le cur le rathúlacht na bhfoghlaimoirí trí na scileanna a thabhairt dóibh a chuirfidh ar a gcumas a mbealach féin a dhéanamh. Cé go n-aithnítear go gcabhraíonn sé le múinteoirí agus le foghlaimoirí siollabas le hinneachar socraithe a bheith ar fáil, glactar leis go mbeadh sé dodhéanta na focail agus na struchtúir go léir ar a dtiocfaidh foghlaimoirí agus iad ag éisteacht le hábhar dílis nó ag léamh ábhar dílis sa sprioctheanga a chuimsiú sa siollabas. Mar sin, beidh ar fhoghlaimoirí straitéisí cumarsáide a fhorbairt ionas go mbeidh siad ábalta dul i ngleic le focail agus struchtúir nár tháinig siad orthu roimhe sin. Beidh ar fhoghlaimoirí straitéisí a fhorbairt chun úsáid a bhaint as an gcomhthéacs agus as faisnéis chúlra in ionad acmhainní teangeolaíocha nach bhfuil leordhóthanach. Ba chóir iad a spreagadh chun fadhbanna foghlama a aithint agus a réiteach agus chun measúnú a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht agus ar a ndul chun cinn féin. Léiríonn taighde maidir le straitéisí rathúla ar fhoghlaim teangacha go bhfoghlaimíonn foghlaimoirí maithe conas na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) faisnéis faoi theanga a eagrú

Bealach amháin chun an cumas eagrúcháin sin a fhorbairt ná scileanna gaolmhara a fhorbairt i bhfoghlaimoirí amhail conas a d'fhéadfaí foclóir a úsáid:

Feasacht na léitheoirí a spreagadh faoin méid a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis i dtéacs trí iad a spreagadh chun

(b) hipitéisí faoin teanga a chruthú agus a thástáil

agus, dá réir sin, is féidir scileanna tuisceana a fheabhsú

D'fhéadfaí cabhrú le foghlaimoirí

(c) straitéisí a fhorbairt chun ciall a bhaint as an sprioctheanga,

go háirithe i gcás téacsanna fada

Úsáid a Bhaint as Eolas Teangeolaíoch

Glactar leis go ginearálta gur féidir ról an-tairbheach agus dearfach a bheith ag an gcéad teanga i sealbhú an dara teanga. Sampla amháin de seo ná an chaoi inar minic gur féidir le daoine gan eolas nó ar bheagán eolais maidir le teanga ar leith brí ghinearálta a thuiscint ó théacs sa teanga sin. Leagtar síos straitéisí úsáideacha eile i Spriocanna Feidhmíochta eile m.sh.

- ❖ Abairtí ciallmhara sa sprioctheanga a dhéanamh as focail/ráitis/clásail mheasctha sa sprioctheanga
- ❖ Píosaí gairide de théacs ciallmhar agus soiléir a dhéanamh as téacs sprioctheanga as abairtí measctha sa sprioctheanga
- ❖ Tátaí intuigthe a bhaint as ráitis a dhéantar sa téacs labhartha/scríofa sa sprioctheanga
- ❖ Cur síos agus trácht a dhéanamh ar aon bhealaí ina bhfuil tú féin tar éis cur go pearsanta leis an bpróiseas a bhaineann leis an sprioctheanga a fhoghlaim

Fágfaidh úsáid ábhair dhílse go háirithe go mbeidh foghlaimoirí ag dul i ngleic le gnéithe teangeolaíocha nach bhfaca siad roimhe sin. Ba chóir foghlaimoirí a spreagadh chun teicnící a fhorbairt chun dul i ngleic le téacsanna den chineál sin seachas faitíos a bheith orthu rompu. Seo a leanas roinnt de na straitéisí a chabhróidh le foghlaimoirí chun téacsanna ina bhfuil gnéithe nua a thuiscint:

(a) neamhaird a thabhairt ar fhocail nach dteastaíonn chun an tasc atá leagtha síos a

chomhlíonadh: bíonn focail in go leor téacsanna nach bhfuil riachtanach chun tuiscint a fháil ar phríomhphointí an téacs.

Iodáilis na hArdteistiméireachta – Treoirínite do Mhúinteoirí

- (b) **úsáid a bhaint as an gcomhthéacs atá le feiceáil agus le léamh:** is féidir leis an leagan amach, an teideal, pictiúir a bhaineann leis srl. go leor leideanna a thabhairt don léitheoir oílte maidir le cuspóir agus inneachar téacs. Is féidir múineadh do dhaltá conas úsáid a bhaint as ton, meon, faisnéis na gcainteoirí srl chun cabhrú leo an bhrí a aimsiú
- (c) **úsáid a bhaint as catagóirí agus marcóirí gramadaí:** is féidir le foghlaimeoirí an bhrí a aimsiú freisin trí mhíreanna foclóireachta amhail briathra, ainmfhocail, aidiachtaí srl a aithint, agus trí fhoirmeacha iolra, aimsirí na mbriathra, ord na bhfocal srl. a aithint, m.sh.
- (d) **úsáid a bhaint as eolas domhanda agus eolas cultúrtha:** ba chóir a mhúineadh d'foghlaimeoirí conas úsáid a bhaint as a n-eolas maidir le rialtachtaí sa ghnáthshaol (mar a dhéantar sna samplaí seo a leanas) chun tuairim a bheith acu céard faoi a bhféadfadh duine a bheith ag caint nó ag scríobh, m.sh. an t-ord inar dóigh gur tharla imeachtaí srl. Is minic gur leor forbairt an ghnímh a leanúint go géar chun formhór na ndeacrachtaí foclóireachta a shárú. Mínítear focail anaithnide go minic níos faide anonn sa téacs nó tugtar focal comhchiallach. Féadfaidh eolas cultúrtha mar gharluach praghsanna, amanna, méideanna srl. cabhrú le foghlaimeoirí na taifeadtaí srl. a thuiscint.
- (e) **Leas a bhaint as patrúin atá sa teanga dhúchais agus sa sprioctheanga.** Is féidir le foghlaimeoirí leas a bhaint as patrúin – tá go leor focal i dteanga eile ar féidir iad a thuiscint má chuirtear roinnt rialacha simplí i bhfeidhm, mar shampla rialacha a bhaineann le deirí na bhfocal, le réimíreanna, le hialraí, le haimsirí, srl.
- (f) **Trí leas a bhaint as focail ghaolmhara agus focail neasghaolmhara,** is féidir le daltaí buille faoi thuairim cliste a dhéanamh faoi bhrí na bhfocal sa sprioctheanga ar bhonn na bhfocal gaolmhar a bhfuil foirm ghrafach chomhionann nó beagnach comhionann acu agus a bhfuil an bhrí céanna acu; féadfaidh siad an rud céanna a dhéanamh maidir le focail chosúla a bhfuil difríochtaí beaga grafacha eatarthu (mar shampla litreacha ar lár, litreacha breise nó litreacha difriúla), agus focail atá cosúil le chéile ach a litrítear ar bhealach eile.

Tá roinnt straitéisí briathartha ann a chuideoidh le foghlaimeoirí na laigí atá acu ó thaobh foclóra de a shárú agus is furasta struchtúir a fhoghlaim freisin m.sh.

- focal a úsáid a thagraíonn do rud den chineál céanna,

- athinsint

Iodáilis na hArdteistiméireachta – Treoirínite do Mhúinteoirí

- cur síos ar airíonna físeacha
- iarratais ar chabhair

- tagairt d'fheidhm ruda m.sh. oibiacht

Tugann an raon straitéisí den sórt seo agus a solúbtha agus is féidir iad a úsáid buntáiste tábhachtach d'fhoghlaimoirí teanga. Baineann gach foghlaimoir teanga úsáid as straitéisí cumarsáide.

- (iii) Is é foghlaim gramadaí an tríú comhpháirt d'Fheasacht Teanga an tsiollabais .i. múineadh agus sealbhú eolais ghramadaí a bhaineann le leas a baint as eolas teangeolaíoch freisin, agus déantar plé faoi leith air faoin gceannteideal **Ról na Gramadaí.**

1.4 Feasacht Chultúrtha

Gné ríthábhachtach d'fhoghlaim rathúil teanga í an fheasacht chultúrtha. Dá bhrí sin tá an tríú cuid den siollabas dírithe ar fheasacht faoi chultúr pobail na spriocheanga a spreagadh i measc na bhfoghlaimoirí. Baineann cultúr i gcomhthéacs an tsiollabais le saol sochaí na spriocheanga ach go háirithe, ach baineann sé le héagsúlacht oidhreacht chultúrtha na sochaí sin (litríocht, ceol, na hamharcealaíona, srl.) freisin.

Tá sé d'aidhm ag spriocanna cumarsáide an tsiollabais cur ar chumas na bhfoghlaimoirí cumarsáid a bheith acu le daoine sa spriocheanga agus cabhrú leo gluaiseacht i bpobal na spriocheanga. I measc aidhmeanna chultúrtha an tsiollabais tá sé intuigthe go gcuirfí forbairt intleachtach agus shóisialta na bhfoghlaimoirí chun cinn agus go dtiocfadh athrú ar an tuiscint éadomhain atá acu ar an gcultúr eile.

Soláthraítear sa chomhpháirt seo maidir le feasacht chultúrtha bealach chun aidhmeanna seo an tsiollabais a chur chun feidhme trí spriocanna feidhmíochta bunaithe ar mhodheolaíocht chomparáideach: m.sh.

Cur síos ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí atá idir an gnáthshaol laethúil in Éirinn agus an gnáthshaol laethúil i gceann de na pobail sin a bhaineann leis an spriocheanga agus béim faoi leith a leagan ar rudaí mar: cén áit a gcónaíonn na daoine, srl.

Spreagtar foghlaimoirí chun dul níos faide ná breithmheas éadomhain a thabhairt ar an gcultúr eile .i. **Scrúdú criticiúil a dhéanamh ar steiréitíopaí náisiúnta.**

Iodáilis na hArdteistiméireachta – Treoirínite do Mhúinteoirí

Tá sé mar aidhm ag an gcur chuige modheolaíochta intuigthe go dtabharfaí faisnéis chúlra d'fhoghlaimoirí agus iad a spreagadh le glacadh le difríochtaí cultúrtha nó ar a laghad cur suas leo. Nuair is cuí breithmheas criticiúil a dhéanamh, féadann breithmheas dá leithéid cabhrú go mór le forbairt na feasachta cultúrtha. Sa ghné seo, cuirtear deiseanna ar fáil freisin d'fhoghlaimoirí a bheith páirteach in obair thionscadaíl bunaithe ar théamaí cultúrtha.

(a) Modheolaíocht

Is iomaí bealach inar féidir feasacht chultúrtha na bhfoghlaimoirí a fhorbairt faoi mar a shonraítear sna Spriocanna Feidhmíochta. Má úsáidtear ábhar dílis, lena n-áirítear téacsanna liteartha, is féidir feasacht a spreagadh faoi shaol na tíre ar bhealach díreach agus cur ar chumas foghlaimoirí léargas níos doimhne a fháil ar shaol tíre eile agus ar shaol a dtíre dúchais. Is minic a bhíonn suirbhéanna srl. a rinneadh i measc phobal na teanga eile in ábhar den sórt sin. D'fhéadfadh foghlaimoirí an fhaisnéis sin a úsáid chun a gcuid suirbhéanna féin a dhéanamh le cur síos a dhéanamh ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí atá idir Éire agus an tír eile.

(b) Téamaí Cultúir

Ar dtús, d'fhéadfadh na daltaí a bhfeasacht ar an gcultúir eile a fhorbairt i ndáil le comhthéacsanna a bhfuil eolas acu orthu, mar shampla an teaghlach, an baile, béilí, breithlaethanta, laethanta saoire, gníomhaíochtaí caitheamh aimsire agus i ndáil le “seirbhísí” atá ar eolas acu mar amchláir, seirbhísí eolais, amanna oscailte agus dúnta, agus comhthéacsanna mar an scolaíocht agus an tithíocht atá ar eolas acu sa chóras sóisialta. Is féidir leathnú a dhéanamh de réir a chéile ar an raon comhthéacsanna ina mbeidh spreagadh á thabhairt dá bhfeasacht chultúrtha agus tosú ag plé téamaí níos teibí, mar luachanna agus dearthaí an chultúir eile, indibhidiúlachas agus náisiúnachas, polaitíocht srl.

Má roghnaítear cásanna go cúramach le haghaidh gníomhaíochtaí rólghlactha a bhaineann le raon leathan comhthéacsanna féadfaidh sé sin cabhrú le foghlaimoirí a thuiscint gur ghá go n-oirfeadh an cineál teanga a úsáidtear don ócáid, lena n-áirítear leas a bhaint d'aon ghnó as na coinbhinsiúin shóisialta atá le fáil sa chultúr eile, mar shampla, beannachtaí agus an chaoi le labhairt le daoine, comharthaí gaolmhaireachta (croitheadh lámh, pógadh) agus foirmli múinte.

Is féidir feasacht chultúrtha a chur chun cinn freisin trí théacsanna amhail an téacs seo a leanas a roghnú i gcomhar le gníomhaíochtaí iomchuí.

(b) Feasacht Shochtheangeolaíoch

Cuid thábhachtach d’inniúlacht chumarsáide í an ghné shoch-chultúrtha agus chuige sin ba cheart go mbeadh eolas ag foghlaimoirí ar na coinbhinsiúin theangeolaíocha atá ann maidir leis an sprioctheanga a úsáid. Ba chóir dóibh foghlaim faoi na modhanna éagsúla teanga agus faoi na réimeanna teanga a bheadh oiriúnach i gcomhthéacsanna neamhfhoirmiúla agus i ngnáthchomhthéacsanna agus iad siúd a bheadh oiriúnach i gcomhthéacsanna níos foirmiúla agus i gcomhthéacsanna nach gnáthchomhthéacsanna iad. Maidir le go leor de na Spriocanna Feidhmíochta a bhfuil liosta díobh sa chuid sin den siollabas maidir le Feasacht Teanga, dearadh iad go sonrath chun go bhfaigheadh foghlaimoirí a leithéid d’fheasacht sochtheangeolaíochta. Tá moltaí mionsonraithe leagtha amach i gCaibidil 5 agus 6 de na treoirlínte seo faoi conas na réimsí sin den siollabas a úsáid i ngníomhaíochtaí laethúla sa seomra ranga.

2. Foráil a dhéanamh do Ghnéithe Éagsúla Foghlama

- Achoimre:**
- 2.1 Réamhrá
 - 2.2 Sealbhú Teanga agus Foghlaim Teanga
 - 2.3 Cur Chuige Cothrom
 - 2.4 Na Gníomhaíochtaí a Chur in Ord
 - 2.5 Straitéisí ina ndéantar foghlaimeoirí a thumadh isteach sa teanga gan ullmhúchán déanta acu
 - 2.6 Ról na nGníomhaíochtaí Labhartha agus Scríbhneoireachta
 - 2.7 Gníomhaíochtaí a chabhraíonn le duine dul chun cinn teangeolaíoch a dhéanamh

2.1 Réamhrá

Tugadh isteach cur chuige cumarsáideach sna 1980í maidir le múineadh an dara teanga agus, bíodh is gur éirigh leis cuid mhaith, is léir anois go raibh laig ag baint leis an modheolaíocht freisin. Go háirithe, tá ceisteanna á dtarraingt anuas faoin ngaol idir cumarsáid, cruinneas agus cruthaitheacht. Ba cheart go gcuirfeadh an cur chuige teagaisc agus foghlama ar chumas na ndaltaí an teanga a úsáid mar is cuí, go cruthaitheach agus go cruinn agus chun cuspóir éigin a bhaint amach. Cé go bhfuil dul chun cinn déanta i ndáil le líofacht agus cumas na ndaltaí an teanga a úsáid i raon ócáidí éagsúla, tá sé ráite gur chúis inní é a laghad cruinnis agus cruthaitheachta atá acu. Mar gheall ar na cúiseanna inní sin ní mór aghaidh a thabhairt arís ar chúrsaí gramadaí toisc go gcreidtear go gcaithfidh eolas follasach nó intuigthe de chineál éigin a bheith ag na daltaí má tá siad chun teanga a úsáid go cruthaitheach agus go cruinn. Tarraingíonn sé seo anuas ceisteanna faoi cad í an ‘ghramadach’ sin a chaithfear a mhúineadh agus conas is ceart í a mhúineadh. Is gá féachaint ar dtús ar na bealaí éagsúla inar féidir teanga a fhoghlaim.

2.2 Sealbhú Teanga agus Foghlaim Teanga

Tá roinnt bealaí ann inar féidir teanga a fhoghlaim. Más mian linn a léiriú a fháil ar a chasta is atá na próisis a bhaineann le foghlaim an teanga, ní mór dúinn idirdhealú a dhéanamh idir an próiseas sealbhaithe agus an próiseas foirmiúil foghlama.

An Próiseas Sealbhaithe

Tagraíonn an próiseas sealbhaithe don phróiseas sin a bhíonn fo-chomhfhiosach trína sealbhaíonn duine a c(h)éad teanga nó teanga eile go nádúrtha trí iarrachtaí a dhéanamh í a labhairt.

An Próiseas Foirmiúil Foghlama

Faigheann foghlaimeoirí amach go comhfhiosach faoi rialacha na sprioctheanga le linn an próisis fhoirmiúil foghlama agus faoi na rialacha maidir le húsáid na teanga trí straitéisí comhfhiosacha foghlama amhail staidéar, comparáid, anailísiú, cleachtadh srl.

Caithfear an dá phróiseas sin a chur san áireamh má tá an teanga le foghlaim go héifeachtach agus caithfear an modh múinte a chur in oiriúint dá réir. Nuair a bhíonn teanga á húsáid uathí féin, bíonn tréithe mar seo ag baint léi:-

- rudaí gan choinne
- rogha
- bearna faisnéise, bearna tuairime,
- comhtháthú scileanna srl.

Beidh na foghlaimeoirí ag brath den chuid is mó ar a bhfuil sealbhaithe agus foghlamtha acu. Ní hé sin le rá nach bhfuil eolas follasach faoin sprioctheanga tábhachtach. Féadann eolas den sórt sin cabhrú le foghlaimeoirí go háirithe le linn cumarsáide nach bhfuil spontáineach m.sh. sna ceachtanna atá dírithe ar chúrsaí gramadaí, nó nuair a bhíonn siad ag léamh, nó ag scríobh, nó ag labhairt agus am acu ullmhúchán a dhéanamh. Tá mórchuid díospóireachta ar siúl faoi cibé an chabhair d'fhoghlaimeoirí é cromadh agus an córas rialacha gramadaí sin, atá riachtanach le labhairt go spontáineach sa teanga sin, a fhoghlaim nó nach ea. Mar sin féin, má bhíonn orthu an t-eolas faoin sprioctheanga a d'fhoghlaim siad go comhfhiosach a úsáid nuair nach bhfuil aon rud leagtha amach roimh ré agus nuair a bhíonn orthu roghanna a déanamh, féadfaidh sé sin cabhrú leo tuiscint níos fearr a fháil ar rialacha gramadaí eile agus an teanga a úsáid go cruthaitheach.

2.3 Cur Chuige Cothrom

Ní mór gníomhaíochtaí a roghnú go cúramach má tá dara teanga le foghlaim i dtimpeallacht fhoirmiúil an tseomra ranga, agus é d'aidhm ag na gníomhaíochtaí sin eolas a thabhairt do na foghlaimeoirí faoin sprioctheanga, agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann le húsáid na teanga chun cumarsáid a dhéanamh. Is é forbairt scileanna uileghabhálacha cumarsáide an rud is tábhachtaí. Má bhíonn cur chuige cothrom

ann i leith na modheolaíochta, leagfar béim ar fhoghlaim chomhfhiosach ar ghné chumarsáideach araon. Má iarrtar ar fhoghlaiméoirí gabháil go heisiach le gníomhaíochtaí cumarsáideacha bunaithe ar úsáid na teanga, b'fhéidir nach bhfoghlaiméoidís go tátalach conas an teanga a úsáid go cruthaitheach i gcomhthéacsanna nua. Sa chaoi chéanna, b'fhéidir nach mbeidh foghlaiméoirí in ann leas a bhaint as an eolas agus na scileanna a d'fhoghlaim siad go foirmiúil mura n-éilítear orthu an teanga a úsáid chun iad féin a chur in iúl i gcásanna inar gá cumarsáid dháiríre a dhéanamh.

2.4 Na Gníomhaíochtaí a Chur in Ord

Is féidir gníomhaíochtaí foghlama a chur in ord sa chaoi go ndéantar comhordú ar fhoghlaim chomhfhiosach agus ar fhoghlaim trí úsáid a bhaint as an teanga ar bhealach córasach. Ceist shuimiúil í cibé ar cheart líofacht a chur chun cinn roimh chruinneas, nó ina dhiaidh, nó ag an am céanna. Nuair a bhí an cur chuige cumarsáideach in úsáid, leagadh béim ar líofacht a chinntiú ar dtús agus ansin díriodh beagán ar bheagán ar chruinneas na teanga a mhúineadh. Mar mhalairt air sin, moltar go ndíreofaí ar chruinneas ón tosach agus go leagfaí béim ar líofacht de réir a chéile nuair a bheadh an bhunsraith sin tógtha. Ós rud é nach fios cé acu cur chuige an ceann is rathúla ba é an rud ba chríonna a dhéanamh ná gluaiseacht siar is aniar go córasach ó mhodh múinte amháin go dtí an ceann eile agus ar ais arís. D'fhéadfaí cothromaíocht chuif a bhaint amach trí chóras leanúnach gníomhaíochtaí agus ceachtanna a bheadh deartha chun scileanna a fhorbairt agus straitéisí a chur i bhfeidhm chun go mbeadh an t-eolas agus na scileanna ag na daltaí chun go bhféadfaidís cumarsáid a dhéanamh sa teanga. Is féidir breathnú ar dhul chun cinn mar leanúntas ina bhfuil gníomhaíochtaí dírithe ar an dá cineál foghlama. Féadfar breathnú ar na gníomhaíochtaí sin atá dírithe ar an bpróiseas comhfhiosach ag tús an leanúntais mar a bheadh bunsaith á tógáil i gcomhair cumarsáide nó mar infheistíocht in inniúlacht bhunúsach teanga. Bíonn gníomhaíochtaí sa chuid sin den leanúntas dírithe ar mhíreanna nó ar fo-inniúlachtaí atá mar bhunsraith faoi inniúlacht cumarsáide, lena n-áirítear na struchtúir agus an stór focal atá riachtanach chun cumarsáid a dhéanamh. Is féidir gníomhaíochtaí a bhaineann le húsáid teanga chumarsáideach ar an taobh eile den leanúntas a dhearadh chun go mbeidh “tarraingt” chumarsáideach acu ó thaobh inniúlachta teanga de trí thascanna a thabhairt dóibh a bheadh dírithe ar líofacht. Is é sin le rá, d'fhéadfaí a iarraidh ar fhoghlaiméoirí iad féin a chur in iúl go cruinn agus go cruthaitheach trí leas a bhaint as a bhfuil foghlamtha acu go comhfhiosach ó chéim níos luaithe. D'fhéadfaí breathnú ar ghníomhaíochtaí atá dírithe ar an dá chineál foghlama mar seo a leanas:

réamh-chumarsáideach (m.sh. stór focal a chleachtadh srl.) → **cumarsáid dhílis**
dioscúrsa pleanáilte (teoranta do roinnt feidhmeanna) → **dioscúrsa neamhpleanáilte**
dírithe ar fhoirm (m.sh. díriú ar phointí gramadaí faoi leith) → **dírithe ar líofacht**

iarrachtaí d'aon ghnó (m.sh. bheadh ar fhoghlaimeoirí → **idirbheartaíocht bhrí**
foirmeacha de cineálacha áirithe a sholáthar)

2.5 Straitéisí ina ndéantar foghlaimeoirí a thumadh isteach sa teanga gan ullmhúchán déanta acu

Ar ndóigh is féidir díriú ar líofacht i ngníomhaíochtaí ag tosach an leanúntais agus is féidir díriú ar chúrsaí gramadaí srl. i ngníomhaíochtaí ina dhiaidh sin. Is féidir foghlaimeoirí a thumadh isteach sa teanga sula mbíonn obair déanta acu ar an bhfoclóir ná ar ghnéithe gramadaí ar dhócha go mbuailfidís leo i dtéacs áirithe, agus is féidir iad a ullmhú sa chaoi sin le déileáil le nithe nach bhfuil coinne acu leo. Gné riachtanach den chumarsáid is ea é sin. Ba é an cur chuige traidisiúnta a bhíodh os comhair na ndaltaí, é a chleachtadh agus ansin a iarraidh orthu iarracht a dhéanamh é a chur i bhfeidhm i ngníomhaíocht cumarsáide, ach is féidir é sin go léir a chasadh droim ar ais. Is féidir tosú freisin le gníomhaíocht cumarsáide agus ansin an teanga atá riachtanach don dalta a sholáthar, í a chleachtadh agus ansin filleadh arís ar an ghníomhaíocht cumarsáide.

Tá na spriocanna feidhmíochta atá liostaithe sa chuid sin den siollabas faoi Inniúlacht Chumarsáide Bhunúsach dírithe, den chuid is mó, ar ghníomhaíochtaí cumarsáide agus ar fhoghlaim na teanga trína húsáid. Tá sé d'aidhm ag a lán de na gníomhaíochtaí atá liostaithe sa chuid faoi Fheasacht Teanga dírithe ar straitéisí foghlama a mhúineadh do dhaltaí chun go mbeidh siad in ann foghlaim as a stuaim féin agus eolas a thabhairt dóibh faoi i leith an stóir focal agus na gramadaí, chomh maith le gnéithe eile den inniúlacht chumarsáideach.

2.6 Ról na nGníomhaíochtaí Labhartha agus Scríbhneoireachta

Ceapadh an cur síos seo ar na tréithe a bhaineann le foghlaim teanga chun cur síos a dhéanamh ar na bealaí inar féidir leis na foghlaimeoirí páirt ghníomhach a ghlacadh sa phróiseas foghlama

Iodáilis na hArdteistiméireachta – Treoirlínte do Mhúinteoirí

Tosaíonn foghlaimoírí le

cuspóir nó tasc

Feiceann nó cloiseann siad

téacsanna scríofa nó labhartha

atá roghnaithe ag an múinteoir nó acu féin

Tuigtear dóibh

go bhfuil patrúin ann

agus iad ag úsáid raon

straitéisí tuisceana:

leideanna faoin gcomhthéacs, leideanna neamhbhriathartha, a dtaithe féin ar an saol.

Agus iad ag comhlíonadh an taisc a tugadh dóibh nó ag baint amach na sprice tagann siad ar

thuiscint shealadach faoi conas a fheidhmíonn an teanga

Le himeacht ama spreagtar iad de bharr an rúin atá acu féin an teanga a fhoghlaim agus/nó tríd an taithí atá acu ar fhoghlaim na teanga de bharr iarrachtaí a múinteora (a múinteoirí) chun

trial agus tástáil a dhéanamh ar an tuiscint atá acu ar phatrúin.

Ar bhonn na bpatrún sin ceapann siad foirmlithe agus hipitéisí i leith

rialacha sealadacha teanga.

Nuair a bhíonn tuilleadh rialacha déanta acu agus comhthéacsanna níos leithne feicthe acu

leasaíonn siad agus coigeartaíonn siad an riail hipitéiseach.

(Foinse: King, L. agus P. Boaks (eag.) 1994 Grammar A conference report. CILT)

Má léiríonn an cur síos seo an bealach ina bhforbraíonn foghlaimoírí inniúlacht, tá sé an-tábhachtach go gcuirfeadh eagrú na ngníomhaíochtaí foghlama neart deiseanna labhartha agus scríofa ar fáil ós rud é gur cuid thábhachtach den phróiseas foghlama í an teanga a úsáid. Meastar go gcabhraíonn a leithéid de ghníomhaíochtaí leis an bhfoghlaim ar bhealaí éagsúla lena n-áirítear iad seo a leanas:

- deis a chur ar fáil chun cleachtadh bríoch a dhéanamh – foghlaimíonn foghlaimeoirí conas an teanga a scríobh trí bheith ag scríobh agus foghlaimíonn siad conas an teanga a labhairt trína labhairt.
- deis a chur ar fáil d'foghlaimeoirí na hipitéisí atá á ndéanamh acu faoin spriotheanga a thástáil
- freagraí a spreagadh m.sh. ceartúcháin srl. ar féidir leo faisnéis a thabhairt d'foghlaimeoirí faoi cé chomh intuigthe nó cé chomh dea-chumtha is atá na rudaí a deir siad
- foghlaimeoirí a spreagadh chun aird a thabhairt ar chruinneas gramadaí ionas go mbeidh a gcuid cainte agus a gcuid scríbhneoireachta níos cosúla leis an spriotheanga agus níos sothuigthe.

Dá bhrí sin, cé go bhféadfadh sé tarlú gur beag gá a bheadh ag roinnt foghlaimeoirí maidir le scríbhneoireacht a dhéanamh, mar sampla, ba cheart iad a spreagadh ina ainneoin sin dul i mbun an chineáil scríbhneoireachta a chomhlíonfadh na feidhmeanna sin.

2.7 Gníomhaíochtaí a chabhraíonn le duine dul chun cinn teangeolaíoch a dhéanamh

Ós rud é gur cosúil go bhfoghlaimíonn foghlaimeoirí go "nádúrtha" fiú amháin sa seomra ranga ar a mbealach féin, tá sé riachtanach go n-éascófaí a rannpháirtíocht ghníomhach chomh fada agus is féidir. Is féidir gníomhaíochtaí a bhfuil na saintréithe seo a leanas ag baint leo comhthéacs chun an cumas cumarsáide agus cruinneas gramadaí a neartú.

Gníomhaíochtaí:

- a spreagann feasacht faoi phatrúin
- a tharraingíonn aird ar fhoirm / bhrí ó thaobh gaolmhaireachta de
- a spreagann foghlaimeoirí an teanga nua atá foghlamtha acu a úsáid go neamhspleách i gcomhthéacsanna sainithe
- a chuireann ar chumas foghlaimeoirí triail a bhaint as teanga nua i gcomhthéacsanna úra
- a chuireann deiseanna ar fáil d'foghlaimeoirí chun rialacha sealadacha a fhoirmliú
- a spreagann foghlaimeoirí roghanna a dhéanamh sa teanga a úsáideann siad
- a chuireann ar chumas foghlaimeoirí rialacha sealadacha a bheachtú agus teacht ar thuairimí
- a chuireann iallach ar foghlaimeoirí abairtí casta a úsáid atá nasctha le chéile le cónaisc
- a thugann cuireadh d'foghlaimeoirí cuntais leanúnacha a thabhairt.

(Foinse: King, L, agus G. Boaks, (eag.), Grammar. A conference report. 1994 CILT)

3. Ról na Gramadaí

Achoimre:	3.1 Réamhrá
	3.2 An Ghramadach mar Chuid de Chur Chuige Cumarsáideach
	3.3 An Ghramadach a Mhúineadh
	3.4 Bealaí Cur Chuige Ionduchtacha
	3.5 Bealaí Cur Chuige Déaduchtacha
	3.6 Lamháltas agus Ceartú Earráidí

3.1 Réamhrá

Má ghlactar le cur chuige cumarsáideach, ní hionann é sin agus a rá go dtabharfar an dara háit don ghramadach ná gur cheart líofacht a chothú trí dhearmad a dhéanamh ar chruinneas. Má tá na foghlaimeoirí le bheith in ann a mbealach féin a dhéanamh trí théacsanna dílse agus adhmaid a bhaint astu, beidh orthu tuiscint a bheith acu ar chóras na bhfocal agus ar na rialacha sin atá mar bhunsraith faoin teanga atá á foghlaim acu. Ina theannta sin, tá sé tábhachtach nósanna maidir le cruinneas a mhúineadh do na daltaí chomh maith le muinín a thabhairt dóibh labhairt agus scríobh go líofa.

Éilíonn Gníomhaíocht Ginearálta 11.5 go háirithe ar fhoghlaimeoirí gabháil de ghníomhaíochtaí a ceapadh chun a gcuid eolais agus scileanna gramadaí a fhorbairt:

Féachaint ar ábhair thagartha (m.sh. foclóirí agus leabhair ghramadaí) a bhaineann le stór focal agus gramadach na sprioctheanga

Spriocanna Feidhmíochta:

- Stór focal a úsáid i gceart agus mar is cuí le cabhair foclóirí.
- Foghlaim le dul i ngleic le téarmaí simplí gramadaí a bhaineann leis an sprioctheanga.
- Foirmeacha na sprioctheanga a úsáid i gceart de thoradh mínithe a thugtar i leabhair ghramadaí scríofa i mBéarla, i nGaeilge nó sa sprioctheanga.

3.2 An Ghramadach mar Chuid de Chur Chuige Cumarsáideach

(a) Tugann na cineálacha cur chuige maidir le múineadh na gramadaí atá in úsáid faoi láthair le fios gur gá an ghramadach a mhúineadh mar chuid den chur chuige cumarsáideach. Níor chóir gur críoch ann féin é tuiscint a fháil ar na rialacha gramadaí. Ba cheart cabhrú leis na foghlaimeoirí luach cumarsáide na struchtúr gramadaí a thuiscint. Is cosúil go bhforbraíonn struchtúir ghramadaí i gcaint foghlaimeoirí mar fhreagra ar riachtanas cumarsáide a bhíonn acu .i. sealbhaíonn foghlaimeoirí foirmeacha agus an cumas chun iad a úsáid go rathúil nuair a bhíonn sé sin tábhachtach chun faisnéis riachtanach a chur in iúl.

(b) Ba cheart srianta a cur leis an ngramadach a chur i láthair ar bhealaí foirmiúla fada. Is beag tairbhe a bhíonn ag ceachtanna ina n-éilítear druileanna meicniúla a chleachtadh nuair nach mbíonn aon rogha ag na daltaí faoina bhfreagraí. D'fhéadfadh daltaí foghlaim níos éifeachtúla trí chleachtaí ina n-éilíonn an comhthéacs orthu roghnú idir freagraí éagsúla. Ba cheart go roghnóidís an freagra ceart de bharr an téacs a thuiscint go hiomlán agus ní toisc go dtuigeann siad riail gramadaí, agus é sin amháin.

3.3 Is fearr a fhoghlaimíonn daltaí nuair a bhíonn an méid atá le foghlaim acu suite i gcomhthéacs áirithe. I gcás ábhar dílis cuirtear an teanga i láthair i gcomhthéacs ina bhfuil feidhm níos leithne aici ná léiriú a thabhairt ar phointe gramadaí amháin. D'fhéadfadh múinteoirí úsáid níos forleithne a bhaint as taifeadtaí dílse agus téacsanna dílse eile i múineadh na gramadaí.

3.4 An Ghramadach a Mhúineadh

Tá na bealaí cur chuige atá in úsáid faoi láthair chun gramadach a theagasc bunaithe ar an tuiscint go bhfuil a c(h)óras dúchasach foghlama féin ag an bhfoghlaimeoir agus go bhfuil roinnt próisis fo-chomhfhiosacha ann nach bhféadfaidh aon rud seachtrach dul gcion orthu. I staidéir a rinneadh ar shealbhú an dara teanga, tugtar le fios i gcás cur chuige bunaithe ar fheasacht a spreagadh faoi ghramadach ina n-éilítear ar fhoghlaimeoirí teacht ar thuiscint, ar bhealach déaduchtach nó ar bhealach ionduchtach, faoi ghnéithe a bhaineann leis an sprioctheanga, go bhféadadh cur chuige dá leithéid cabhrú leo eolas follasach a fháil faoi ghramadach na sprioctheanga. D'fhéadfadh an t-eolas sin cabhrú, sa deireadh thiar, le próiseas sealbhaithe na teanga sin.

I gcás gur gá na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh as Béarla, is féidir bogadh ar ais de réir a chéile go dtí an Iodáilis chun míniú breise a dhéanamh. Chun é seo a éascú ba cheart cabhrú leis na foghlaimeoirí dul i dtaithe ar na coinbhinsiúin teanga agus na nathanna ar féidir a úsáid chun na críche sin.

3.5 Bealaí Cur Chuige Ionduchtacha

Spreagann cur chuige ionduchtach daltaí le fháil amach dóibh féin na patrúin agus na struchtúir srl. a úsáidtear sa sprioctheanga. D'fhéadfadh sé seo a bheith bunaithe ar shamplaí codarsnacha den struchtúr sin atá eagraithe d'aon turas chuige sin, m.sh. an aimsir fhoirfe agus an aimsir ghnáthchaite. Is féidir marcóirí de dhathanna éagsúla a úsáid chun aird a tharraingt ar ghnéithe éagsúla gramadaí den ionchur (m.sh. foirmeacha firinsneacha nó baininsneacha). Má éilítear ar fhoghlaimeoirí iarracht intleachtach a dhéanamh chun hipitéisí a cheapadh agus a thástáil faoi ghné den chóras teanga ar a bhfuiltear ag díriú, b'fhéidir go bhféadfadh sin cabhrú leo cuimhneamh níos fearr air.

3.6 Bealaí Cur Chuige Déaduchtacha

I **gcur chuige déaduchtach** tugtar míniú ar na patrúin ghramadaí nó ar na struchtúir atá i gceist mar aon le roinnt samplaí. Is féidir ceachtanna leantacha a úsáid sa dá chur chuige chun tuiscint na ndaltaí a thástáil maidir leis an bpatrún atá i gceist. Mar shampla, d'fhéadfaí a iarraidh ar dhaltaí cinneadh a dhéanamh i dtriail iomlánaithe a bhfuil aimsir, modh nó briathar i gceart sa comhthéacs faoi leith. Ba chóir go mbeadh difríocht idir míreanna na tástála agus na samplaí sin ina ndéantar scrúdú ar chumas na ndaltaí an méid atá foghlamtha acu a aistriú go cásanna (comhthreomhara) nua. Tá sé an-tábhachtach go nglacfaidh na daltaí páirt ghníomhach, seachas páirt neamhghníomhach, san obair seo.

3.7 Lamháltas agus ceartú earráidí

Deirtear go mbíonn gach tosach lag agus meastar gur cuid lárnach den phróiseas foghlama teanga is ea earráidí a dhéanamh agus gur féidir linn léargais an-suntasach a fháil uathu. Tá sé ráite go ndéanann daoine atá ag foghlaim na chéad agus an dara teanga earráidí d'aon ghnó d'fhonn hipitéisí áirithe a thástáil maidir le nádúr na teanga atá á foghlaim acu. Go minic, d'fhéadfadh earráidí tarlú de thoradh tuairimí ginearálta a bheith ag foghlaimeoirí faoi ghnéithe na sprioctheanga. D'fhéadfadh na tuairimí sin a bheith acu ar bhonn roinnt foinsí eolais. Agus d'fhéadfadh sé a bheith bunaithe ar eolas faoi theangacha lena n-áirítear an

spriotheanga, an teanga dhúchais, teangacha eile, feidhmeanna cumarsáideacha teanga agus eolas faoin domhan.

- 3.8** D'fhéadfadh ról tábhachtach a bheith ag múinteoirí sa phróiseas ar fad seo trí aiseolas a thabhairt d'fhoghlaimoirí faoin gcaoi a bhfuil ag éirí leo. Meastar go bhfuil aiseolas dearfach agus moladh i bhfad níos éifeachtaí chun an dalta a spreagadh chun a iompar a fheabhsú ná aiseolas diúltach. Tá sé tábhachtach gan béim rómhór a leagan ar cheartú earráidí. É sin ráite, is gnéithe lánriachtanacha cumarsáide iad líofacht agus cruinneas. Dá bhrí sin ní mór cur chuige cothrom a bheith ag múinteoir.
- 3.9** Ba cheart tús áite a thabhairt do chur in iúl na teachtaireachta agus chuige sin ní mór glacadh le hearráidí – de ghnáth ní ceart earráidí a cheartú láithreach mura milleann siad an chumarsáid. D'fhéadfaí díriú níos déanaí ar anailís a dhéanamh leis an rang go léir ar earráidí a tugadh faoi deara sna rudaí a scríobh nó a dúirt na foghlaimoirí. Spreagann féincheartú neamhspleáchas ó thaobh na bhfoghlaimoirí chomh maith. Bealach amháin a d'fhéadfaí straitéisí féincheartaithe a fhorbairt i bhfoghlaimoirí ná líne a chur faoi earráidí gramadaí mar shampla agus a iarraidh ar an bhfoghlaimoir iad a cheartú leis/léi féin.

4. Múinteoireacht Cumais Mheasctha

Achoimre:	4.1	Réamhrá
	4.2	Tascanna Difreáilte
	4.3	Téacsanna Difreáilte
	4.4	Leibhéal Dhifreáilte

4.1 Go hiondúil bíonn leibhéal éagsúla cumais ag na daltaí i rang ar bith. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach cur chuige difreáilte a ghlacadh ó thaobh teagaisc de. Tá roinnt straitéisí éagsúla ar féidir a ghlacadh m.sh.

- Dífreáil trí eagrú an tseomra ranga
- Dífreáil trí thascanna éagsúla
- Dífreáil trí ábhair.

4.2 Tascanna Difreáilte

Nuair a bhíonn foghlaimeoirí ag obair ina ngrúpaí agus ina mbeirteanna is féidir torthaí éagsúla a bheith acu, rud atá ríthábhachtach i ranganna cumais mheasctha. D'fhéadfaí daltaí a bhfuil an cumas agus na hinniúlachtaí den chineál céanna acu a chur ag obair ina mbeirteanna nó ina ngrúpaí. Bheadh siad in ann oibriú ar a luas féin ansin. D'fhéadfadh beirt eile nó grúpa daltaí a bheith ag obair ag an am céanna ar thasc gaolmhar eile, a d'fhéadfadh a bheith ina chomhpháirt de nó ar obair a bheadh ardscoil ag teastáil lena déanamh. D'fhéadfaí baill de na beirteanna nó de na grúpaí a mhalartú ansin chun na deacrachtaí a mhíniú do dhaoine eile. D'fhéadfadh beirteanna nó grúpaí an t-eolas a bheadh acu a roinnt leis na daltaí eile trí ghníomhaíochtaí a bhainfeadh leis an rang ina iomláine.

Cuireann tascanna oscailte den sórt sin ar chumas gach foghlaimeora a f(h)reagra féin a thabhairt de réir an chumais atá ann nó inti agus tuigfidh siad go léir go raibh dúshlán le sárú acu agus rudaí bainte amach acu. Is féidir tascanna a cheapadh a bheadh difreáilte ar bhonn deacrachta freisin. Dá bhrí sin agus iad a thabhairt freagra ar cheist i scríbhinn nó ó bhéal, d'fhéadfaí a iarraidh ar roinnt foghlaimeoirí faisnéis ilréimseach chéim ar chéim a fháil trí cheisteanna ilroghnacha a fhreagairt. D'fhéadfaí spriocanna níos dúshlánaí a cheapadh d'fhoghlaimeoirí níos inniúla ar nós sonraí faoi leith a roghnú chun faisnéis intuigthe a bhaint as ábhar, nó fáil amach conas a úsáidtear múnlaí teanga nó stíle chun cumarsáid a dhéanamh, m.sh. conas a chuirtear atmaisféar, meon, dearcadh srl. in iúl.

D'fhéadfaí a iarraidh ar fhoghlaiméoirí níos laige an bhrí fhollasach a bhaint as an ábhar agus d'fhéadfaí a iarraidh ar dhaltáí eile idirdhealú a dhéanamh idir an bhrí litriúil agus an bhrí intuigthe. Is féidir glacadh leis go bhfuil sé níos fusa faisnéis a chur faoi cheannteidil éagsúla ar chairt nó ceisteanna 'fíor nó bréagach' a fhreagairt ná achoimre a dhéanamh ar an ábhar atá i dtéacs nó comparáid a dhéanamh idir dhá théacs.

4.3 Téacsanna Dífreáilte

D'fhéadfaí difreáil a dhéanamh bunaithe ar mhéid agus ar cháilíocht téacsanna freisin. I ndáil le hábhair teagaisc agus foghlama d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach iad a chur in oiriúint uaireanta d'fhoghlaiméoirí níos lú cumais. Is dócha go mbeidh na foghlaiméoirí níos fearr in ann déileáil le téacsanna níos faide a d'fhéadfadh a bheith bunaithe ar thopaicí nach mbeadh an oiread sin taithí acu orthu nó ar thopaicí teibí, cé go mb'fhéidir go mbeadh téacsanna a mbeadh ábhar féachana mar thacaíocht iontu oiriúnach d'fhoghlaiméoirí níos moille.

4.4 Leibhéil Dhífreáilte

Tá an eiseamláir seo bunaithe ar an gcur chuige comhtháite i leith trí chomhpháirt an tsiollabais a moladh sa chéad chuid eile de na treoirínite seo agus déantar cur síos ann ar ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an téama céanna ar thrí leibhéal éagsúla deacrachta. Cé go bhfuil an creat siollabais céanna ann don Ardleibhéal agus don Gnáthleibhéal araon agus cé go ndearadh é le freastal ar raon iomlán cumais na ndaltaí sa tsraith shinsearach, mar sin féin is léir go bhfuil an-éagsúlacht le sonrú sa seomra ranga agus go mbeidh roinnt daltaí i bhfad níos fearr ná daltaí eile ag comhlíonadh na gcúraimí éagsúla atá leagtha amach sna Spriocanna Feidhmíochta. Cé go mba cheart go mbeadh na daltaí go léir in ann dul i mbun roinnt gníomhaíochtaí a bhaineann leis na téamaí éagsúla dá bhrí sin, beidh roinnt daltaí in ann leanúint orthu chuig leibhéal níos dúshlánaí m.sh. eolas a bhaint as téacsanna níos casta nó labhairt nó scríobh faoi ábhar faoi leith ag baint úsáide as stór focal níos fairsinge agus déileáil le raon struchtúr agus coincheap.

5. Cur chuige comhtháite

Achoimre:	5.1	Réamhrá
	5.2	Clár Oibre a Phleanáil
	5.3	Sampla de Phlean Oibre
	5.4	Moltaí maidir le Cur Chuige Comhtháite

5.1 Réamhrá

Mar a chuirtear in iúl thuas, ní mholtar na trí ghné den siollabas a mhúineadh go leithleach. Féadfar cur chuige comhtháite a chur ar fáil maidir le trí chomhpháirt an tsiollabais trí sceideal oibre a bhunú ar líon téamaí nó gníomhaíochtaí nuair is féidir naisc fhollasacha a chruthú. Bhainfeadh cás amháin, mar shampla, ina bhféadfaí é sin a dhéanamh leis na réimsí seo a leanas:

Foghlaim faoi teanga ó ábhar sa sprioctheanga; (11,1)

Labhairt agus scríobh faoin taithí atá agat ar an sprioctheanga; (11,4) agus

Ceist a chur faoin teanga a labhraíonn tú nó a rá cad iad na teangacha a labhraíonn tú (1,1).

I gcur chuige mar sin d'fhéadfaí foghlaimeoirí a spreagadh chun spriocanna feidhmíochta éagsúla a úsáid chun na príomhphointí a bhaint ó théacs nó ó ábhar labhartha sa sprioctheanga (11,2) agus foghlaim faoi ghnéithe den teanga amhail saincheistanna sóisialta, réigiúnacha nó oideachais (11,1) sa phobal ina labhraítear an sprioctheanga. Ar an mbealach sin gheobhaidís amach cá bhfuil an sprioctheanga á labhairt, na teangacha eile a labhraítear sa phobal sin agus an tábhacht a bhaineann le teanga ó thaobh na féiniúlachta cultúrtha de srl. I rith chéim seo an ionchuir, ina mbeidh daltaí ag léamh agus ag éisteacht den chuid is mó, féadfaidh foghlaimeoirí cur lena stór focal agus nathanna cainte a bhaineann le téama na teanga. Bheadh foghlaimeoirí ag labhairt agus ag scríobh faoin taithí atá acu ar an sprioctheanga sa chéad chéim eile.

Ar na téamaí eile a d'fhéadfadh éascú a dhéanamh ar chur chuige comhtháite ar fud na dtrí chomhpháirt, tá téamaí faoin obair, faoin scoil, faoi gníomhaíochtaí fóillíochta, faoi earraí agus sheirbhísí, faoi thaistil agus chúrsaí iompair srl.

5.2 Clár Oibre a Phleanáil

Ba chóir scéim dhea-ordaithe agus in-oiriúnaithe oibre a cheapadh a bheadh bunaithe ar spriocanna beachta laistigh de na ceachtanna féin agus idir na ceachtanna. Tá sé tábhachtach go mbeadh tuiscint shoiléir ag foghlaimoírí faoin méid ar féidir leo bheith ag súil go bhfoghlaimoidh siad i rith na bliana agus faoin gcuspóir atá le cibé ceacht a bhíonn idir lámha acu am ar bith.

Roimh thús a chur le hobair na bliana, b'innmholta an rud é staidéar a dhéanamh ar an siollabas iomlán d'fhonn tuairim a fháil faoin ábhar ginearálta atá ann. D'fhéadfaí aonaid a roghnú ansin a chuirfeadh ar chumas na ndaltaí samplaí a fháil de raon iomlán an ábhair atá ann. D'fhéadfaí cuireadh a thabhairt do na daltaí rogha a dhéanamh faoi na spriocanna feidhmíochta atá uathu san obair maidir leis na Gníomhaíochtaí / Téamaí éagsúla.

5.3 Sampla de Phlean Oibre

D'fhéadfadh Téama nó Gníomhaíocht Ghinearálta bonn a sholáthar i gcomhair cur chuige comhtháite thar roinnt ceachtanna agus torthaí soiléire a cheapadh i gcomhair na gceithre scileanna. Baineann an sampla seo a leanas le hobair/staidéar agus tá sé deartha ar bhonn trí chéim i ndiaidh a chéile ina ndéantar dul chun cinn de réir a chéile ó scileanna glacacha go scileanna labhartha agus scríbhneoireachta. Baineann céim a haon agus céim a dó le gníomhaíochtaí ar chóir go mbeadh formhór na ndaltaí sa tsraith shinsearach in ann a dhéanamh. Tá céim a trí níos deacra agus tá sí dírithe ar na daltaí sin atá in ann déileáil leis an ábhar seo ar leibhéal níos teibí.

5.4 Moltaí maidir le Cur Chuige Comhtháite

Seo sampla de phlean oibre leathnaithe bunaithe ar chur chuige comhtháite i dtrí chéim.

Gnéithe

- Cur chuige comhtháite a nascann aonaid ó na trí chomhpháirt den siollabas .i. feasacht chultúrtha, feasacht teanga agus inniúlacht chumarsáide bhunúsach
- Dul chun cinn maidir le spriocanna gearrthéarmacha agus spriocanna fadtéarmacha ó thaobh scileanna de (scileanna glacacha → scileanna táirgthe) agus ó thaobh na leibhéal deacrachta de
- Mionsaothrú de réir a chéile ar théama / thopaic (nithiúil → teibí).

Sampla de phlean oibre bunaithe ar chomhtháthú téamaí agus gníomhaíochtaí éagsúla i dtrí chéim.

Iodáilis na hArdteistiméireachta – Treoirínite do Mhúinteoirí

Topaic:

Staidéar/Obair

Céim 1

Réimse an tSiollabais:	Feasacht Chultúrtha
Príomhscileanna:	Léitheoireacht, éisteacht
Téama / Gníomhaíocht Ghinearálta:	Foghlaim sa sprioctheanga faoin gcultúr a bhaineann leis an sprioctheanga sa lá atá inniu ann (111,1) Iniúchadh brí (11,2)

Céim 2

Réimse an tSiollabais:	Inniúlacht Chumarsáide Bhunúsach
Príomhscileanna	Labhairt
Téama/Gníomhaíocht Ghinearálta:	Comhrá a Dhéanamh (1,9) Bualadh le daoine, aithne a chur orthu agus caidreamh sóisialta a choinneáil ar siúl (1,1) Pleananna a cheapadh agus plé a dhéanamh ar a bhfuil le déanamh amach anseo

Céim 3

Réimse an tSiollabais:	Feasacht Chultúrtha/Inniúlacht Chumarsáide Bhunúsach
Príomhscileanna:	Labhairt, Scríbhneoireacht
Téama/Gníomhaíocht Ghinearálta:	Cur síos a dhéanamh ar an saol laethúil i bpobal na sprioctheanga agus plé a dhéanamh air (111,3) Páirt a ghlacadh i bplé (1,10).

An plean oibre a chur i bhfeidhm in aonaid sholáimhsithe oibre:

Céim I

Téama/Gníomhaíocht Ghinearálta:	Foghlaim sa sprioctheanga faoin gcultúr a bhaineann leis an teanga sin. Iniúchadh brí.
---------------------------------	---

Cuspóirí:

- Eolas na ndaltaí faoin domhan agus faoi chúrsaí cultúrtha a fhorbairt sa réimse seo .i. staidéar/obair
- Feasacht teanga na bhfoghlaimoirí a fhorbairt chomh fada is a bhaineann sí leis an réimse seo
- Scileanna éisteachta agus léitheoireachta na bhfoghlaimoirí a fhorbairt
- Straitéisí na bhfoghlaimoirí chun déileáil le stór focal agus le struchtúir nua a fhorbairt.

Iodáilis na hArdteistiméireachta – Treoirínite do Mhúinteoirí

Spriocanna Feidhmíochta:	Gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh
<ul style="list-style-type: none"> • Iniúchadh a dhéanamh ar bhrí ilréimseach – na príomhphointí a bhaint ó thástáil labhartha nó scríofa sa sprioctheanga 	<ul style="list-style-type: none"> • Aon fhaisnéis chúlra is gá a thabhairt • Stór focal agus nathanna tábhachtacha a sholáthar/athbhreithniú a dhéanamh orthu • Éisteacht le leagan simplithe de shliocht nó é a léamh • An príomheolas a thabhairt faoi deara ar bhonn ceisteanna treoracha • Scanadh, teicnící scimeála chun topaic, cuspóir, agus suíomh a fháil amach • Aistriú eolais chuig greillí, cairteacha Ceisteanna le freagra fíor/bréagach • Ceachtanna meaitseála: príomhsmaointe / mír, téacs labhartha / scríofa.
<ul style="list-style-type: none"> • Dearcthaí a aithint (m.sh. criticiúil, tacúil, moltach, cáinteach) bunaithe ar an úsáid a bhaineann an cainteoir nó an scríbhneoir as an teanga 	<ul style="list-style-type: none"> • Úsáid a bhaint as leideanna ón gcomhthéacs, m.sh. an réim teanga, an tuin chainte, • Meaitseáil cuspóirí / nathanna cainte • Éisteacht i gcomhair rudaí faoi leith m.sh. obair i ngrúpaí: bíonn tasc ar leith ag gach ball.
<ul style="list-style-type: none"> • An t-eolas atá ag an bhfoghlaimoír ar an stór focal agus ar an ngramadach a bhaineann leis an topaic a leathnú 	<ul style="list-style-type: none"> • <i>Stór focal</i>
<ul style="list-style-type: none"> • Buille faoi thuairim cliste a thabhairt maidir leis an gciall atá le foirmeacha na sprioctheanga bunaithe ar fhoirmeacha gaolmhara a úsáidtear agus/nó ar theangacha eile 	<ul style="list-style-type: none"> - leas a bhaint as focail ghaolmhara agus neasghaolmhara - eolas ar an ngramadach - leas a bhaint as leideanna sa chomhthéacs m.sh. téacs ina bhfuil bearnaí a líonadh isteach - leas a bhaint as foclóirí, as comhchiallaigh / coibhéisí - ceachtanna maidir le catagóiríú focal bunaithe ar chomhcheangail shéimeantacha - ceachtanna meaitseála, ainmfhocal a mheitseáil le briathar
<ul style="list-style-type: none"> • Féachaint ar ábhair thagartha a bhaineann le stór 	<ul style="list-style-type: none"> • Breathnú ar na rialacha/an riail

Iodáilis na hArdteistiméireachta – Treoirínite do Mhúinteoirí

focal agus gramadach na sprioctheanga	Samplaí den riail, de na rialacha/den struchtúr, de na struchtúir a aithint sa téacs <ul style="list-style-type: none"> Hipitéisí a cheapadh – m.sh nath comhthreomhar a cheapadh, Seiceáil i leabhar gramadaí tagartha
<ul style="list-style-type: none"> Feasacht na bhfoghlaimeoirí a fhorbairt maidir le hoiriúnacht agus maidir le réim teanga 	Nósanna a aithint mar aon le gnéithe a bhaineann le cineálacha éagsúla téacs
Céim 2 Gníomhaíocht / Téama Ginearálta	Comhrá a láimhseáil Bualadh le daoine, aithne a chur orthu agus caidreamh sóisialta a choinneáil ar siúl. Pleananna a cheapadh agus plé a dhéanamh ar a bhfuil le déanamh amach anseo

Cuspóirí:

- Nasc a dhéanamh idir an réimse (staidéar/obair) le taithí saoil an fhoghlaimeora
- Scileanna labhartha na bhfoghlaimeoirí a bhaineann le réimse an staidéir/ na hoibre a fhorbairt
- Deiseanna a sholáthar d'fhoghlaimeoirí leas a bhaint as stór focal agus struchtúir a tugadh isteach ag céim roimhe sin
- Straitéisí na bhfoghlaimeoirí a fhorbairt chun comhrá a láimhseáil.

Spriocanna Feidhmíochta:	Gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh
<ul style="list-style-type: none"> Straitéisí na bhfoghlaimeoirí a fhorbairt chun comhrá a láimhseáil. Feasacht na bhfoghlaimeoirí a mhúscailt faoi struchtúr dioscúrsa. A iarraidh go ndéanfaí rud a athrá agus / nó a shoiléiriú A dheimhniú gur tuigeadh rud éigin A chur in iúl nár tuigeadh rud éigin Deireadh a chur le comhrá Íogaireacht na bhfoghlaimeoirí a fhorbairt maidir le hoiriúnacht agus réim teanga Fiafraí faoi chúrsaí staidéir ina bhfuil réimeanna éagsúla teanga i gceist agus cur síos a dhéanamh orthu 	<ul style="list-style-type: none"> Obair ar straitéisí labhartha Comhráití measctha a chur san ord ceart Feidhmeanna agus nathanna cainte a mheitseáil Roghnú ó raon roghanna chun comhrá a chruthú <i>Cleachtadh a dhéanamh ar Scileanna Teanga, ar Struchtúir agus ar an nGramadach</i> Nath a oirfidh don ócáid a roghnú Dhá chomhrá atá measctha le chéile a scaradh óna chéile agus iad a chur san ord ceart Gníomhaíochtaí réamhchleachtaidh m.sh. <ul style="list-style-type: none"> ceachtanna meaitseála – CVanna / jabanna, fógraí / tréithe pearsanta / jabanna

Iodáilis na hArdteistiméireachta – Treoirínite do Mhúinteoirí

<ul style="list-style-type: none"> • Fiafraí faoi na pleananna atá ag duine ó thaobh staidéir amach anseo agus/nó deiseanna gairme • Cur síos a dhéanamh ar do phleananna féin ó thaobh staidéir amach anseo agus/nó deiseanna gairme • Cur síos a dhéanamh ar aon bhealaí ina ndeachaigh foghlaim na sprioctheanga i gcion ar a mbeidh i ndán duit (m.sh. deiseanna gairme) • Scríbhneoireacht 	<ul style="list-style-type: none"> • Cuireann daltaí a CV i gcomparáid le chéile agus molann siad jabanna a d’oirfeadh dá chéile • Féachaint ar fhógraí agus post duit féin nó do dhaoine eile a roghnú • An chairt a líonadh isteach ó CV • Déanann dalta mímeáil faoi phost – tugann na daltaí eile buille faoi thuairim faoi • Éistean daltaí le comhráite gearra eiseamláireacha agus déanann siad staidéar orthu • Cleachtann daltaí comhráite i gcomhthéacsanna nua • Atheagraíonn daltaí comhráite atá measctha suas • Críochnaíonn daltaí comhráite .i. críochnaíonn siad comhráite nár cuireadh deireadh leo, cuireann siad ábhar sochreidte / cuí sna bearnaí i gcomhráite • Cumann daltaí a gcuid comhráite féin • Rólghlacadh atá bunaithe ar eolas a mhalartú nó a roinnt, ar chásanna difriúla, ar thascanna idirbheartaíochta agus idirghníomhacha. • Agallamh/Obair bheirte: déanann foghlaimeoirí faisnéis fúthu féin a mhalartú agus iad eagraithe ina mbeirteanna nó ina ngrúpaí • Obair i ngrúpaí: obair atá bunaithe ar phleananna don todhchaí • Bearná a líonadh i dtéacsanna m.sh. CV, foirmeacha iarratais ar phoist, litreacha iarratais • Abairtí atá measctha suas a mheaitseáil • Abairtí atá measctha suas a atheagrú • Abairtí a nascadh le chéile chun téacs leanúnach
---	--

Iodáilis na hArdteistiméireachta – Treoirínite do Mhúinteoirí

	<p>a dhéanamh díobh</p> <ul style="list-style-type: none"> • Téacs a scríobh ar bhonn téacs den chineál céanna • Téacs a athscríobh • Téacsanna a chur in eagar
<ul style="list-style-type: none"> • Fiafraí faoi chúrsaí staidéir agus cur síos a dhéanamh orthu • Cur síos a dhéanamh ar do phleananna féin ó thaobh staidéir amach anseo agus/nó deiseanna gairme 	<ul style="list-style-type: none"> • Litir a scríobh ar bhonn CV, mar shampla, nó ar bhonn téacs oibre eile • Litir iarratais a scríobh mar fhreagra ar fhógra poist • Litreacha pearsanta a scríobh
<p>Céim 3</p> <p>Gníomhaíocht / Téama Ginearálta</p>	<p>Cur síos a dhéanamh ar an saol laethúil i bpobal na sprioctheanga</p> <p>Páirt a ghlacadh i bplé</p>
<p>Cuspóirí</p> <ul style="list-style-type: none"> • Foghlaimeoirí a chur ar an eolas faoi na difríochtaí idir an dá phobal ó thaobh cúrsaí oibre agus staidéir de. • Cumas na ndaltaí a fhorbairt maidir le plé a dhéanamh i dtéarmaí ginearálta faoi cheisteanna a bhaineann le staidéar agus ag obair in Éirinn agus i bpobal na sprioctheanga 	
<p>Spriocanna Feidhmíochta:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Plé a dhéanamh ar na míbhuntáistí agus na buntáistí a bhaineann le saol na hÉireann i gcomparáid leis na míbhuntáistí agus na buntáistí a bhaineann le saol phobal na sprioctheanga maidir leis an réimse taithí sin • Scileanna na bhfoghlaimeoirí a fhorbairt maidir le dul thar an bhrí is follasaí • Bríonna a aithint atá i gceist ach nach bhfuil curtha in iúl go sainráite • Fáil amach cad is brí le tagairtí intuigthe do ráitis a dhéantar i dtéacs scríofa nó labhartha sa sprioctheanga 	<p>Gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh</p> <ul style="list-style-type: none"> • Faisnéis chúlra a fháil trí théacsanna a léamh, éisteacht leo • Dul siar ar nathanna úsáideacha agus ar stór focal úsáideach • Ábhar a mheasúnú <ul style="list-style-type: none"> - a bhfuil ar intinn ag daoine agus an chaint a mheaitseáil - frithráite a cheartú - fianaise a aimsiú chun tuar a dhéanamh ar bhonn fianaise a tugadh roimhe sin - abairtí nach bhfuil críochnaithe a chríochnú;

Iodáilis na hArdteistiméireachta – Treoirlínte do Mhúinteoirí

<ul style="list-style-type: none"> • Píosaí gairide de théacs ciallmhar agus soiléir a dhéanamh as téacs sprioctheanga as abairtí measctha nó abairtí ina bhfuil bearnaí sa sprioctheanga • An ‘tuin’ atá ag téacs a aithint • An tuin ghinearálta atá ag téacs labhartha nó scríofa sa sprioctheanga a aithint bunaithe ar an leas a bhaineann an cainteoir/an scríbhneoir as an teanga <p>Rud éigin a chur in iúl mar thuairim, ag rá / ag deimhniú /ag maíomh go bhfuil rud éigin fíor nó bréagach, ag séanadh, ag bréagnú, ag glacadh taobhanna i bplé</p> <ul style="list-style-type: none"> • Idirbheartaíocht a dhéanamh le teacht ar chomhréiteach • Scríbhneoireacht 	<p>na bearnaí a líonadh i dtéacs roimh éisteach leis, roimh é a léamh</p> <ul style="list-style-type: none"> - teacht ar thátail - tuartha a dhearbhú, a athbhreithniú <ul style="list-style-type: none"> • Roghanna a dhéanamh ó thaobh ceisteanna ilroghnacha m.sh. focail sa téacs a bhfuil línte fúthu: <ul style="list-style-type: none"> (a) dearfach (b) diúltach (c) neodrach; cad iad na focail a thagraíonn do - - - • Cleachtadh a dhéanamh ar Scileanna Teanga, ar Struchtúir agus ar an nGramadach (ar Leathanach 17 den Siollabas) • Treoirlínte a thabhairt maidir le struchtúr an phlé • Oibríonn foghlaimeoirí i ngrúpaí bunaithe ar na tuairimí éagsúla • Cleachtann foghlaimeoirí na coinbhinsiúin theangeolaíocha le haghaidh an chineáil sin dioscúrsa i ngrúpaí beaga m.sh. briseadh isteach ar dhuine, duine a bhréagnú, easaontú leis nó léi srl. agus iad i ngrúpaí beaga. • Socraíonn na foghlaimeoirí ar chomhréiteach eatarthu féin agus iad i ngrúpaí beaga • Achoimre a dhéanamh ar théacs • Insint faoin gcaoi a ndeachaigh an téacs i bhfeidhm ort • Comparáid a dhéanamh idir an Iodáil agus Éire ar bhonn téacs áirithe • Litreacha foirmiúla nó neamhfhoirmiúla a scríobh
--	--

6. Samplaí de Gníomhaíochtaí ag Céimeanna Éagsúla

Achoimre: 6.1 Réamhrá

6.2 Céim 1

- (a) Gníomhaíochtaí Éisteachta/Léitheoireachta
- (b) Obair bheirte
- (c) Rólghlacadh

6.3 Céim 2:

- (a) Réamhrá
- (b) Gníomhaíochtaí labhartha
- (c) Gníomhaíochtaí Scríbhneoireachta

6.4 Céim 3

- (a) Réamhrá
- (b) samplaí léitheoireachta agus éisteachta
- (c) Gníomhaíochtaí Labhartha
- (d) Gníomhaíochtaí scríbhneoireachta.

6.5 Conclúid

6.1 Réamhrá

Tá samplaí sa chaibidil seo de gníomhaíochtaí ar na trí chéim chomhleantacha a bhfuil cur síos orthu sa chaibidil roimhe seo. Tá eiseamláirí san Iodáilis de na gníomhaíochtaí seo curtha ar fáil sa doiciméad agus ceapadh iad lena n-úsáid i gcomhar leis na treoirlínte seo. Tá dul chun cinn bunúsach ann maidir leis na gníomhaíochtaí .i. ó gníomhaíochtaí dírithe go príomha ar fhorbairt scileanna glactha san éisteacht agus sa léitheoireacht agus foghlaim stór focal srl. go scileanna táirgthe i labhairt agus scríobh a bhíonn tógtha ar na scileanna a fuarthas ag an gcéim roimhe sin agus ina n-úsáidtear na scileanna sin. Tugtar sampla den chaoi ar féidir téacs a thabhairt ar ais arís ag céimeanna i ndiaidh a chéile chun éascú a dhéanamh ar fhorbairt scileanna na bhfoghlaiméoirí. Fiú sa chéad chéim, tá sé tábhachtach deiseanna a sholáthar d'fhoghlaiméoirí chun triail a bhaint as a gcuid hipitéisí faoin spriotheanga agus aiseolas a thabhairt dóibh faoin gcaoi a bhfuil ag éirí leo. Is féidir é sin a dhéanamh

trí thascanna labhartha agus scríbhneoireachta a thabhairt do na foghlaimeoirí nach gcuireann éileamh mór orthu agus tacaíocht a bheith ar fáil mar dhlúthchuid de na tascanna sin.

6.2 Céim 1

(a) Gníomhaíochtaí Éisteachta/Léitheoireachta

Céim thosaigh na samhla seo is ea bonn a sholáthar do na céimeanna níos déanaí agus a chinntiú go dtugtar ionchur leormhaith do na daltaí le haghaidh an mhéid a déarfadh siad agus a scríobhfadh siad sula n-iarrtar orthu tosú ar ghníomhaíochtaí táirgthe ar chor ar bith.

(b) Obair bheirte

D'fhéadfadh na daltaí oibriú ina mbeirteanna ar dtús sa chéad chéim agus iad ag iarraidh stór focal a fhoghlaim. D'fhéadfaidís tosú ansin, mar shampla, ag cur focal i líonraí séimeantacha bunaithe ar na catagóirí éagsúla, m.sh. trí phríomhfhocail agus frásaí ó théacs a rangú faoi cheannteidil ghramadaí nó eile. Ullmhaíonn an ghníomhaíocht sin na foghlaimeoirí i gcomhair an phríomhraoin teanga atá le scrúdú acu agus tugtar sampla maith dóibh faoinar féidir leo a bheith ag súil leis sa téacs.

Nuair a bhíonn beirt ag obair le chéile d'fhéadfadh duine acu faisnéis a thabhairt don duine eile nár chuala sé nó sí riamh cheana. D'fhéadfadh sé sin tarlú toisc gur eolas pearsanta é nó toisc gur tugadh sonraí comhlántacha dóibh.

D'fhéadfadh sé a bheith i gceist freisin le hobair bheirte go mbeadh siad ag éisteacht le comhráite ullmhaithe nó á léamh. D'fhéadfaí a iarraidh orthu ar dtús ráitis a mheaitseáil nó ord agus eagar a chur ar chomhrá measctha. Is féidir leis na daltaí na ceachtanna sin a dhéanamh agus iad ag obair ina n-aonar. D'fhéadfaidís plé a dhéanamh ansin ina mbeirteanna ar na ról a bheidh acu, mar shampla, agus ar ord na gcomhráite srl. D'fhéadfaí gníomhaíochtaí leantacha a n-inniúlacht faoi seach a fhorbairt trína iarraidh orthu comhráite a cheapadh bunaithe ar na comhráite sin ar a raibh siad ag obair díreach roimhe sin. Dá mbeadh gníomhaíochtaí leantacha ann ina n-inseodh duine amháin cad a dúirt an duine eile d'fhéadfaí dul ar aghaidh go céim eile fós agus déileáil mar shampla leis an aimsir chaite, le caint indíreach srl. D'fhéadfaí scileanna scríbhneoireachta a ionchorprú san obair trína iarraidh ar fhoghlaimeoirí focail atá ar iarraidh sna bileoga saothair a líonadh le focail ó chomhráite den chineál céanna. Obair oiriúnach do bheirt is ea obair le chéile ar comhráite. Déantar foghlaimeoirí a spreagadh ar dtús chun ceistanna a cheapadh agus ansin chun comparáidí a dhéanamh le

heiseamláir an chainteora dhúchais. Tugann sé sin aiseolas dóibh maidir lena hipitéisí faoi chóras na sprioctheanga.

(c) Rólghlacadh

Trí ghníomhaíochtaí rólghlactha, soláthraítear an deis is fearr ar fad chun obair a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí / téamaí ginearálta agus ar na spriocanna feidhmíochta a shonraítear faoi Inniúlacht Chumarsáide Bhunúsach sa siollabas. Éilítear i ghníomhaíochtaí den sórt sin go n-úsáidfeadh foghlaimeoirí an teanga ar bhealaí éagsúla agus cuirtear deis ar fáil iontu le dul níos faide ná comhrá teoranta an tseomra ranga. Cuireann siad deis ar fáil freisin le díriú ar ghnéithe áirithe den inniúlacht chumarsáideach amhail oiriúnacht agus cruinneas. Is féidir cásanna i gcomhair rólghlactha a roghnú chun forbairt a dhéanamh ar chumas na bhfoghlaimeoirí gnáth-theanga shóisialta a úsáid nó cineálacha áirithe teanga a úsáid a bheadh oiriúnach i gcomhair cásanna simplí nó casta. D'fhéadfadh deoch a ordú, faisnéis a iarraidh, cur síos ar riachtanais srl. a bheith i gceist le cás simplí. Bhí sé i gceist freisin nuair a bhí ábhar an tsiollabais á cheapadh go dtabharfaí scileanna do na foghlaimeoirí a bheadh riachtanach dóibh chun cumarsáid a dhéanamh i gcásanna níos casta. D'fhéadfadh sé a bheith i gceist, mar shampla, go gcuirfeadh duine ina luí ar dhuine eile rud éigin a dhéanamh nár mhian leis ná léi nó nach raibh sé nó sí ag súil lena dhéanamh.

Ba chóir treoirlínte mionsonraithe a thabhairt do na foghlaimeoirí maidir le conas dul ar aghaidh nuair a bheadh an rólghlacadh á ullmhú. D'fhéadfadh gníomhaíochtaí rólghlactha tosaigh a bheith bunaithe ar chásanna gearra ina mbeadh an raon teanga agus na roghanna teanga teoranta iontu, ach d'fhéadfadh foghlaimeoirí dul ar aghaidh de réir a chéile go cásanna ina mbeadh cead acu ról a chruthú dóibh féin agus rogha níos leithne acu maidir lena féidir leo a rá agus ina mbeadh rogha níos leithne acu maidir leis na foirmeacha teanga a bheadh riachtanach chun iad féin a chur in iúl. D'fhéadfadh 'teannas' áirithe a chruthú ina leithéid de ghníomhaíochtaí sa chaoi go mbeadh ar na rannpháirtithe seasamh áirithe a chosaint nó argóint a dhéanamh ina aghaidh.

Is féidir gníomhaíochtaí ionsamhlúcháin a bheith bunaithe ar chásanna níos casta fós, agus páirt ag na rannpháirtithe i gcásanna níos samhlaíche. Soláthraíonn gníomhaíochtaí ionsamhlúcháin deis d'obair thionscadail chomh maith agus d'fhéadfadh foghlaimeoirí dul i mbun gníomhaíochtaí comhoibritheacha mar chlár raidió nó teilifíse srl. a ullmhú.

6.3 Céim 2

(a) Réamhrá

Is é aidhm na céime tosaigh (céim a haon) den chur chuige comhtháite faoi mar atá molta thuas an t-eolas cúlra, an stór focal, agus na struchtúir a thabhairt do na daltaí a bheidh ag teastáil uathu nuair a bheidh siad ag labhairt agus ag scríobh faoi na hábhair a roghnófar. Cé gur moladh roinnt gníomhaíochtaí labhartha agus scríofa, bhain siad sin den chuid is mó le gníomhaíochtaí teoraithe laistigh de chreat tacaíochta. D'fhéadfaí gníomhaíochtaí níos saoire a thabhairt isteach ansin ina mbeadh rogha níos fairsinge agus neamhspleáchas níos leithne ag na foghlaimeoirí chun tógáil ar na scileanna a forbraíodh sa chéim níos luaithe.

(b) Gníomhaíochtaí Labhartha

Cé gur féidir téacsanna a úsáid, faoi mar a rinneadh i gcéim a haon, mar ábhar spreagthach d'obair bheirte, le haghaidh comhráite agus rólghlactha, is féidir iad úsáid freisin le haghaidh gníomhaíochtaí níos oscailte mar fhreagraí pearsanta a thabhairt ar an ábhar .

Chomh maith le comhráite, obair bheirte agus rólghlacadh, is féidir le daltaí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí béil eile, mar shampla, freagraí pearsanta a thabhairt ar théacsanna, mar a dhéantar sa sampla seo a leanas:

(c) Gníomhaíochtaí Scríbhneoireachta

Is é aidhm na céime tosaigh (céim a haon) den chur chuige comhtháite faoi mar atá molta thuas an t-eolas cúlra, an stór focal, agus na struchtúir a thabhairt do na daltaí a bheidh ag teastáil uathu nuair a bheidh siad ag labhairt agus ag scríobh faoi na hábhair a roghnófar. Ar an ábhar sin, ní thugtar gníomhaíochtaí scríbhneoireachta isteach go dtí céim a dó agus a trí agus tá na tascanna a mholtar do chéim a dó i bhfad níos fusa ná na cinn a mholtar i gcéim a trí. D'fhéadfadh ceachtanna meaitseála a bheith i gceist sna gníomhaíochtaí scríbhneoireachta tosaigh i gcéim a dó, m.sh. abairtí, comhráite, foirm a líonadh amach ar bhonn na faisnéise i dtéacs eile, d'fhonn téacs nua a chruthú. D'fhéadfaí litreacha foirmiúla agus neamhfhoirmiúla a scríobh freisin. Ba chóir treoirlínte soiléire a thabhairt do dhaltaí maidir le leagan amach, nathanna cainte, srl. nuair a bheadh sin oiriúnach.

6.4 Céim 3: Léitheoireacht agus Éisteacht

(a) Réamhrá

Tá céim a trí cinn den chur chuige molta bunaithe ar Spriocanna Feidhmíochta níos déine a chur i bhfeidhm maidir leis an téama a roghnaíodh d'obair/staidéar. Maidir leis na cuspóirí a shonraítear don léamh agus éisteacht, tá sé i gceist iad a chur i bhfeidhm in éineacht le téacsanna a bheadh níos dúshlánaí ó thaobh ábhair agus deacrachta teanga de. Maidir leis na gníomhaíochtaí seo, táthar ag súil go rachadh na daltaí níos faide ná brí fhollasach na dtéacsanna agus go ndéanfaidís an t-ábhar a mheas tríd an dearcadh agus an tuin a aithint agus go dtabharfaidís údar maidir leis an gcaoi a ndeachaigh téacs i bhfeidhm orthu.

(b) Samplaí de Gníomhaíochtaí Léitheoireachta/Éisteachta

Bheadh na gníomhaíochtaí scríbhneoireachta agus léitheoireachta ag Céim 3 níos deacra ná na cinn sna céimeanna roimhe sin, ó thaobh ábhar an ábhair spreagtha agus ó thaobh na dtascanna nach mór do na foghlaimeoirí a dhéanamh. D'fhéadfadh teanga agus / nó smaointe níos casta a bheith sna hábhair spreagtha fad is a d'fhéadfadh an tasc a éileamh ar na foghlaimeoirí dul thar an gciall is follasaí trí bhríonna nach bríonna sainráite iad a aithint.

(c) Gníomhaíochtaí Labhartha

Tá na scileanna labhartha i gcéim 3 bunaithe freisin ar thuairimí pearsanta a thabhairt, agus iad a thabhairt uaireanta ar leibhéal níos teibí agus páirt a ghlacadh i bplé agus i ndíospóireachtaí. Má tá na daltaí le bheith in ann páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí de na cineálacha seo, beidh sé riachtanach faisnéis chúlra agus chultúrtha a chur ar fáil dóibh chomh maith le stór focal agus na struchtúr a bheidh ag teastáil uathu i ngníomhaíochtaí mar sin. Bheadh sé an-oiriúnach ar fad i gcás thopaic na hoibre go dtabharfaí ábhair dóibh a dhéanann cur síos ar dhearcadh na nÍodálach faoi cheisteanna a bhaineann le cúrsaí oibre agus/nó suirbhéanna ina ndearnadh comparáidí srl. idir rudaí éagsúla. Cé go mbeadh obair ghrúpa oiriúnach ag céim idirmheánach freisin, d'fhéadfaí é a úsáid ag céim a trí chun forbairt a dhéanamh ar na réimsí a clúdaíodh san obair bheirte ag Céim 2. Nuair a bheadh cleachtaí déanta ag na foghlaimeoirí ina mbeirteanna, d'fhéadfaí iad a eagrú ansin i ngrúpaí níos mó chun eilimintí nua a thabhairt isteach a mbeadh baint ag 3 nó 4 cainteoirí leo, nó le dul ag obair i gcomhar le chéile chun na focail a bhreac síos ar bhileog oibre a mheas siad a bhí achrannach. Tá obair i ngrúpaí oiriúnach freisin chun fadhbanna a réiteach nó chun obair a dhéanamh i gcomhair díospóireachtaí srl. Cuireann an gníomhaíocht ghinearálta “Páirt a ghlacadh i bplé” creat ar fáil chun daltaí a chur ag obair ina mbeirteanna nó ina ngrúpaí. D'fhéadfaidh beirteanna nó grúpaí oibriú le chéile ar dtús chun

Iodáilis na hArdteistiméireachta – Treoirínite do Mhúinteoirí

rud éigin ar chur in iúl mar thuairim. D'fhéadfadh grúpaí seasamh a ghlacadh ansin agus dul i mbun oibre ag cur pointí in eagar i gcomhair plé. D'fhéadfadh grúpa freasúra obair a dhéanamh ag séanadh na bpointí sin

trína rá go bhfuil rud éigin fíor / bréagach
trína áitiú go bhfuil rud éigin fíor / bréagach
trí rud a shéanadh
trí rud a bhréagnú

D'fhéadfadh grúpaí oibriú le chéile faoi dheireadh ar thascanna amhail

idirbheartaíocht a dhéanamh le teacht ar chomhréiteach
clabhsúr a chur ar phlé.

D'fhéadfaí cártaí leide a thabhairt do rannpháirtithe a thabharfadh ról faoi leith do gach dalta sa ghrúpa lena chinntiú go mbeidh páirt ag gach duine dóibh sa díospóireacht féin.

(d) Gníomhaíochtaí Scríbhneoireachta

Iarrtar ar na foghlaimeoirí i gCéim 3 achoimre a dhéanamh ar na príomhphointí a bhaineann le téacs, insint faoin gcaoi a ndeachaigh an téacs i bhfeidhm orthu, comparáidí a dhéanamh ar bhonn téacs agus litreacha foirmiúla nó neamhfhoirmiúla a scríobh. Bíonn na gníomhaíochtaí sin níos déine ná na cinn a mholtar le haghaidh Chéim 2, go háirithe má bhíonn na téacsanna a úsáidtear mar ábhair spreagtha níos casta.

6.5 Conclúid

Faoi mar tugadh le fios sa Réamhrá, b'fhéidir nach measfaí i gcónaí go bhféadfaí nó gurbh inmhianaithe an rud é a leithéid de sceideal mionsonraithe oibre a dhréachtú. Ba rud inmhianaithe é, áfach, dá mbeadh nádúr agus dul chun cinn na ngníomhaíochtaí ag teacht le creat éigin a bheadh deartha le cabhrú le comhtháthú a dhéanamh ar ábhair an tsiollabais agus ar an bhforbairt atá beartaithe i gcomhair scileanna na bhfoghlaimeoirí.

7. Téacsanna Liteartha

Achoimre:	7.1	Réamhrá
	7.2	Téacsanna liteartha agus feasacht teanga
	7.3	Téacsanna liteartha agus feasacht chultúrtha

7.1 Réamhrá

Tá sé i gceist i siollabas na hArdteistiméireachta go mbeadh na foghlaimeoirí ag déileáil le roinnt téacsanna liteartha sa sprioctheanga. Spreagann an litríocht go háirithe rannpháirtíocht mhothaitheach trí fhreagra pearsanta an léitheora agus mar sin cuireann sí forbairt phearsanta an dalta chun cinn. Osclaíonn teanga doras na litríochta, ach cuireann an litríocht samplaí dílse ar fáil faoi conas teanga a úsáid. Is féidir inniúlacht teanga fhoghlaimeoirí a fheabhsú trí fhoghlaim conas feidhm chumarsáide a aithint agus an bealach ina n-éiríonn le húdair é sin a dhéanamh i dtéacsanna liteartha. Dá bhrí sin, ní hamháin go n-éilíonn Téamaí agus Gníomhaíochtaí Ginearálta an tsiollabais ar dhaltaí:

- Téacsanna liteartha nua-aimseartha (go háirithe úrscéalta, gearrscéalta, dánta agus drámaí) a léamh sa sprioctheanga
- ach tá sé d’aidhm acu a bhfeasacht a fhorbairt faoin gcaoi a mbaintear amach an fheidhm chumarsáide sin ina leithéid de théacsanna trí ghníomhaíochtaí amhail:
- Téacsanna sa sprioctheanga a iniúchadh mar fhoinsí faisnéise nó léirithe teanga
- Bríonna a aithint i dtéacs den sórt sin nach bhfuil curtha in iúl go follasach
- An ‘tuin’ srl. atá ina leithéid de théacs a aithint

7.2 Téacsanna liteartha agus feasacht teanga

Má fhorbraítear a leithéid de scileanna feasachta teanga is féidir leo cabhrú leis an bpróiseas foghlamtha teanga agus leathnú a dhéanamh ar thaithí na bhfoghlaimeoirí agus cur leis an taitneamh a bhaineann siad as léitheoireacht. Is féidir na scileanna sin a chothú trí na daltaí a spreagadh trí mheonta amhail féachaint ar theangacha mar chineál cumarsáide faoi leith, mar shiombail d’fhís an údair srl.

7.3 Téacsanna liteartha agus feasacht chultúrtha

Is féidir cur le feasacht chultúrtha an fhoghlaimoora trí théacsanna liteartha a léamh. Tugann litríocht choigríche léargas don dalta ar chultúr phobal na sprioctheanga agus soláthraíonn sí bealach isteach sa chultúr don dalta ar bhealach bríoch agus dílis a bhaineann le comhthéacsanna faoi leith. Tá a lán moltaí maidir le cur chuige modheolaíochta i leith téacsanna liteartha le fáil sa chuid sin den siollabas faoi Fheasacht Chultúrtha, mar shampla, tuiscint a fháil ar théacsanna liteartha ina bpléitear gnéithe de shaol phobal na sprioctheanga lena n-áirítear:

- an gnáthshaol laethúil
- an béaloideas agus nósanna traidisiúnta

Tá sé mar aidhm ag na cineálacha cur chuige a mholtar sa siollabas dul níos faide ná carachtar, plota, agus ábhar agus leanúint le hidirghníomhaíocht mhothúchánach agus intleachtach leis an téacs.

7.4 Roghnú na dtéacsanna

Tá sé riachtanach go roghnófaí téacsanna a bheadh oiriúnach ó thaobh teanga agus coincheapa de dá mbeadh spéis na bhfoghlaimoírí le múscailt iontu. I gcásanna áirithe, d'fhéadfaí go mbeadh páirt ag na daltaí i roghnú na dtéacsanna trí bhlaiseadh a thabhairt dóibh roimh ré de shleachta roghnaithe. Ba cheart na foghlaimoírí a spreagadh le smaoineamh ar an rogha a ghlacadh (má tá a leithéid de rogha ann) chun obair thionscadail a dhéanamh bunaithe ar théacsanna liteartha. Ba cheart na daltaí a spreagadh nuair a bhíonn obair ó bhéal ar siúl sa seomra ranga chun plé a dhéanamh ar théacsanna liteartha coigríche atá léite acu.

8. Measúnú

- Achoimre:**
- 8.1 Réamhrá**
 - 8.2 Cuspóirí Gearrthéarmacha
 - 8.3 Critéir measúnaithe
 - 8.4 Cur Síos ar Ghráid

8.1 Réamhrá

Tugtar cuntas imlíne ar na paraiméadair maidir le measúnú suimitheach sa siollabas. Gné leanúnach de dea-theagasc is ea measúnú leanúnach a dhéanamh ar fheidhmíocht an dalta. Cabhraíonn sé leis an dalta feidhmiú níos fearr agus cuireann sé bunsaith ar fáil chun cláir teagaisc agus foghlama a bhunú uirthi. Ba chóir foghlaimeoirí a spreagadh chun measúnú a dhéanamh iad féin ar an dul chun cinn atá á dhéanamh acu. Má bhaintear leas tuisceanach oilte as modhanna éagsúla measúnaithe, féadfaidh sé tionchar dearfach a bheith aige ar an gcleachtas ranga agus cabhróidh sé chun daoine a aithint atá ag déanamh go maith, go holc nó go dona. Tá córas leanúnach measúnaithe ann a thosaíonn le breathnóireacht sa seomra ranga agus a leanann ar aghaidh le ceistiú agus agallaimh, obair bhaile, trialacha struchtúraithe a forbraíodh ar leibhéal na scoile agus chomh fada leis na scrúduithe teistiméireachta náisiúnta. Is féidir tástáil níos foirmiúla mar bhreithiúnais shuimitheacha a thabhairt ag deireadh tréimhse áirithe ama (m.sh. ag deireadh téarma scoile) nó ag deireadh aonad staidéir faoi leith (m.sh. ag deireadh Téama nó Gníomhaíocht Ghinearálta amháin nó níos mó den siollabas) agus d'fhéadfaí an tástáil a réachtáil mar thástálacha ó bhéal, nó mar thástálacha scríofa nó mar thascanna a fhorbraíonn an múinteoir.

8.2 Cuspóirí Gearrthéarmacha

B'fhéidir go mba chabhair é lena chinntiú go mbeadh leanúnachas foghlama ann dá n-aithneodh múinteoirí cuspóirí gearrthéarmacha maidir leis an siollabas. D'fhéadfadh a leithéid de chur chuige a bheith bunaithe ar cheann amháin nó níos mó de na Gníomhaíochtaí nó de na Téamaí Ginearálta a bhaineann leis na trí chomhpháirt den siollabas, agus bheadh na torthaí réamh-mheasta foghlama le fáil i gcuid de na Spriocanna Feidhmíochta.

8.3 Critéir measúnaithe

Faoi mar atá leagtha amach sa siollabas cuirfear na nithe seo a leanas san áireamh sna critéir measúnaithe:

- (i) cumas an dalta brí a chur in iúl agus
- (ii) cruinneas agus oiriúnacht na teanga lena n-áirítear raon an stóir focal agus na struchtúr a úsáidtear.

8.3.1 Labhairt

Úsáidtear na critéir seo a leanas chun measúnú a dhéanamh ar chumas labhartha i scrúduithe poiblí:

- raon stór focal
- raon na rudaí is féidir a chur in iúl
- feasacht ar an ngramadach agus ar an gcaoi a n-úsáidtear í
- neamhspleáchas ar thacaíocht an scrúdaitheora
- oiriúnacht
- líofacht
- fuaimniú

8.3.2 Ceapadóireacht - Ardleibhéal

Bainfear leas as na critéir seo a leanas chun measúnú a dhéanamh ar an gceapadóireacht (scríobh na teanga) i scrúduithe poiblí ag an Ardleibhéal:

- raon agus oiriúnacht an stóir focal
- raon agus cruinneas maidir le húsáid na struchtúr
- forbairt agus / nó ionramháil an spreagtha
- eagrú an ábhair.

8.3.3 Ceapadóireacht - Gnáthleibhéal

Bainfear leas as na critéir seo a leanas chun measúnú a dhéanamh ar scrúduithe scríofa:

- intuigtheacht na teachtaireachta
- forbairt agus / nó ionramháil an spreagtha
- feasacht ar an ngramadach agus an chaoi a n-úsáidtear í
- raon stór focal

8.4 Cur Síos ar Ghráid

Seo a leanas cur síos ar chaighdeán feidhmíochta na n-iarrthóirí sna scrúduithe poiblí ó thaobh bhronnadh na ngrád éagsúil de:

8.4.1 LABHAIRT/CEAPADÓIREACHT (SCRÍOBH NA TEANGA) – ARDLEIBHÉAL

- A: Eolas an-mhaith ar leaganacha cainte. Úsáid chuimsitheach na teanga (aidiachtaí, dobhriathra, briathra srl.). Léirítear cumas stór focal cuí a roghnú.
- Cumas abairtí a cheapadh ar bhealaí éagsúla; cumas raon struchtúr a úsáid agus gan ach beagán mórbhotún iontu.
- Bíonn na smaointe go léir nasctha le chéile go maith agus go soiléir, ar bhealach a léiríonn cumas an t-ábhar faoi chaibidil a láimhseáil agus fíneáltacht agus miondifríochtaí na teanga a thuiscint agus a chur in iúl.
- Gan ach earráidí beaga aige nó aici anois agus arís ó thaobh fuaimnithe de – tuin mhaith chainte.
- B: Eolas maith ar leaganacha cainte. Úsáid a bhaint as stór focal atá éagsúil agus oiriúnach. Úsáidtear an stór focal mar is cuí agus i gceart den chuid is mó. Cumas abairtí a cheapadh ar bhealaí éagsúla.
- Cumas aimsirí a úsáid i gceart formhór an ama. Roinnt earráidí agus laigí bunúsacha i réimse amháin nó dhó, ach láimhsítear struchtúir na teanga go cruinn tríd is tríd. Eagraítear na smaointe go loighciúil agus láimhsítear miondifríochtaí na teanga i gceart. Tuin réasúnta chainte, in ainneoin mífhuaimniú ó am go chéile. Stór focal ginearálta slán.
- C Roinnt éagsúlachta maidir le roghnú focal. Cumas easnaimh foclóireachta a shárú. Rath ar roinnt iarrachtaí abairtí a chumadh ar bhealaí éagsúla.
- Gan aon chomhsheasmhacht ann maidir le cruinneas. Máistreacht ar ghramadach bhunúsach go hiondúil, ach laige i réimsí níos deacra. Iarracht réasúnta chun smaointe a nascadh le chéile agus freagraí cuí a thabhairt ar cheisteanna. Cumas cumarsáid a choinneáil ar siúl. Gan comhsheasmhacht maidir le fuaimniú, tuin ná rithim na cainte.
- D Frásaí agus focail choitianta á n-athrá go minic. In ann dul cainte simplí a úsáid. An chéad teanga ag cur isteach cuid mhaith ar fhrásaí agus ar phatrúin na n-abairtí. Earráidí tromchúiseacha go minic. Gan mháistreacht ar roinnt eilimintí bunúsacha gramadaí. Cuid de na smaointe eagraithe, ach laigí coitianta maidir le nascadh na smaointe sin. Freagraítear ceisteanna gan athruithe cuí ná leathnú amach.
- Mífhuaimniú tromchúiseach go minic.

Iodáilis na hArdteistiméireachta – Treoirlínte do Mhúinteoirí

- E Stór focal an-teoranta. Úsáidtear an stór focal go mícheart. Níl an t-iarrthóir in ann ach na patrúin abairtí is simplí a sholáthar. Ní léirítear mórán tuisceana faoi chúrsaí gramadaí. Bíonn an chuid is mó de dheirí na mbriathra mícheart. Ní bhíonn na hinscní agus na cásanna comhsheasmhach go minic nó bíonn siad mícheart. Cuirtear pointí i láthair ina n-aonar. Is beag a bhaineann le hábhar. Cuirtear abairtí i láthair ina n-aonar. Ní dhéantar aon iarracht chun an bhaint atá ag smaointe lena chéile a léiriú. Is ar éigin ar féidir ciall a bhaint as. Cuireann botúin fuaimnithe an-bhac ar intuigtheacht.

ÉISTEACHT/LÉITHEOIREACHT – ARDLEIBHÉAL

- A Tugann na hiarrthóirí bunús na céille leo agus aithníonn siad na príomhphointí agus na mionsonraí i gcineálacha éagsúla de shamplaí dílse den teanga. An-chumas an bhrí a bhaint ó chomhthéacs. Aithníonn siad tuairimí, dearcthaí agus mothúcháin, tá siad in ann teacht ar chonclúidí, agus léiríonn siad go bhfuil siad feasach ar athrú stíle.
- B Aithníonn na hiarrthóirí na príomhphointí agus tuigeann siad iad i gcineálacha éagsúla de shamplaí dílse den teanga. Aithníonn siad tuairimí, dearcthaí agus mothúcháin, ach d'fhéadfadh deacracht a bheith acu adhmaid a bhaint astu agus teacht ar chonclúidí.
- C Aithníonn na hiarrthóirí na príomhphointí agus baineann siad sonraí ó chineálacha éagsúla de shamplaí dílse den teanga. Is féidir leo a tagairtí a thuiscint d'imeachtaí atá thart, atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo agus is féidir leo leas a bhaint as an gcomhthéacs chun an bhrí a aimsiú. Tuigeann siad tuairimí, mothúcháin agus dearcthaí go príomha faoi mar a léirítear trí ghníomhaíochtaí iad.
- D Aithníonn iarrthóirí roinnt pointí tábhachtacha agus baineann siad roinnt eolais ó chineálacha éagsúla de shamplaí dílse den teanga. Ní aithníonn siad na haimsirí i gceart i gcónaí. Ní thugann siad faoi deara ach na tuairimí, na mothúcháin agus na dearcthaí a chuirtear in iúl sa chaoi is follasaí.
- E Aithníonn na hiarrthóirí roinnt pointí lárnacha agus baineann siad roinnt eolais ó theanga dhílis, ach teipeann orthu ciall a bhaint as formhór an ábhair.

Ní bhíonn siad in ann an bhrí a bhaint as comhthéacs.

LABHAIRT/CEAPADÓIREACHT (SCRÍOBH NA TEANGA) – GNÁTHLEIBHÉAL

- A Biónn an teachtaireacht sothuigthe in ainneoin botúin a bheith ann. Biónn roinnt éagsúlachta le sonrú ina gcuid freagraí / cuireann siad leo beagán. Biónn siad in ann dul cainte simplí a úsáid. Biónn máistreacht acu ar roinnt gnéithe den ghramadach bhunúsach. Eolas maith ar fhocail agus nathanna coitianta.
- B Biónn an teachtaireacht sothuigthe in ainneoin earráidí iomadúla. Freagraíonn siad ceisteanna gan mórán athruithe ná leathnú amach. Biónn sé ar a gcumas dul cainte an-bhunúsach a úsáid. Ní chuireann siad rialacha bunúsacha gramadaí i bhfeidhm go comhsheasmhach. Eolas teoranta acu ar fhocail agus nathanna coitianta.
- C Is ar éigean a bhíonn an teachtaireacht sothuigthe / bíonn an tasc gan chríochnú. Biónn cabhair an scrúdaitheora ag teastáil uathu chun ceisteanna a fhreagairt. Biónn deacracht acu fiú le dul cainte bunúsach. Is beag tuiscint a bhíonn acu ar chúrsaí gramadaí. Biónn eolas an-teoranta acu ar fhocail agus nathanna coitianta.
- D Is minic a bhíonn siad dothuigthe de bharr earráidí - Ní dhéanann siad iarracht ach cuid den tasc a chríochnú. Ní thugann siad ach freagra teoranta ar cheisteanna in ainneoin thacaíocht an scrúdaitheora. Ní bhíonn máistreacht acu ar na gnéithe gramadaí is bunúsaí – in ainneoin go mbíonn nathanna cearta acu ó am go chéile. Stór focal an-teoranta.
- E Biónn an teachtaireacht dothuigthe. Is ar éigean a dhéanann siad iarracht an tasc a thosú. Ní bhíonn siad in ann leas a bhaint as tacaíocht an scrúdaitheora chun freagraí a cheapadh. Is ar éigean a bhíonn aon eolas acu ar rialacha bunúsacha gramadaí. Ní bhíonn mar stór focal acu den chuid is mó ach focail atá gaolmhar le focail ina dteanga dhúchais.

ÉISTEACHT/LÉITHEOIREACHT - GNÁTHLEIBHÉAL

- A: Tugann na hiarrthóirí bunús na céille leo agus aithníonn siad na príomhphointí i raon teoranta de shamplaí dílse den teanga. Aithníonn siad tuairimí, dearcthaí agus mothúcháin a chuirtear in iúl go follasach.
- B: Aithníonn iarrthóirí roinnt pointí tábhachtacha agus baineann siad roinnt eolais ó raon teoranta de shamplaí dílse den teanga. Tuigeann siad tuairimí, dearcthaí agus mothúcháin nuair a chuirtear in iúl iad le gníomhartha nó le tuineacha cainte.
- C: Is féidir leis na hiarrthóirí brí ghinearálta an téacs a thuiscint cé go dteipeann orthu aon adhmaid a bhaint as roinnt pointí.
Tuigeann na hiarrthóirí roinnt sonraí anseo is ansiúd ach teipeann orthu ciall a bhaint as bunús an téacs.
Bíonn deacracht acu tuairimí, dearcthaí agus mothúcháin a aithint.
- D: Teipeann ar na hiarrthóirí a lán pointí tábhachtacha fiú den chiall is follasaí a thabhairt leo. Teipeann orthu tuairimí, dearcthaí agus mothúcháin a aithint. Bíonn na hiarrthóirí ag brath ar cheisteanna den chuid is mó chun iad a threorú tríd an téacs.
- É: Ní féidir leis na hiarrthóirí brí ghinearálta an téacs a thuiscint. B'fhéidir go bhféadfaidís roinnt sonraí anseo is ansiúd a thuiscint. Bíonn na hiarrthóirí ag brath go hiomlán ar na ceisteanna chun iad a threorú tríd an téacs.